# Gniomhartha na Neasbal
## Acts of the Apostles

### *An Irish and English Parallel Bible*

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

# Chapter


1 2 3

4 5 6 7 8

9 10 11 12 13

14 15 16 17 18

19 20 21 22 23

24 25 26 27 28

# Gniomhartha na Neasbal
# Acts of the Apostles

**William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition**

**The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition**

## Caibidil 1

*Tógbhala Iosa go flaitheas; 14 Crabhadh na Neasbal; 24 agus togha Mhatthias a nionad Iudais.*

1 Do rinne mé an céudleabhar, a Theophilus, a
dtimcheall gach uile neithe do thionnsgain
Iósa do dhéanamh agus do theagasg,
2 Go soithe an lá iona rugadh suás é, ar
dtabhairt aitheantadh do na heasbaluibh noch
do thogh sé, trés an Spiorad Náomh:

3 Agus dár thaisbén sé é féin béo a ndiáigh a
pháisi maille lé mórán do chomharthaidhibh
fírinneacha, ar feadh dhá fhichead lá dá
fhoillsiughadh *féin* doibh, agus ag teachd ar na
neithibh do bhean ré rioghachd Dé:
4 Agus, ar mbeith a bhfochair a *dheisciobal*, do
aithin sé dhíobh gan dul as Iarusalém, achd
fuireach ré gealladh a Nathar, noch, *ar se*, do
chúalabhair uáimsi.

5 Oir do bhaisd Eóin go deimhin lé huisge,
achd baisdfidhthear sibhse leis an Spiorad
Náomh táobh a sdigh don bheagan
laitheadhsa.
6 Ar a nadhbharsin ar gcrinníughadh a ccean
a cheile dhóibh, dfiáfruigheadar dhe ag rádh,
A Thighearna, an ann sa naimsirsi dhéanas tu
an ríoghachd aisioc Díosrael?
7 Achd a dubhairt seisean riú, Ní bhéanann
ribhsi na haimsearacha náid na seasuir
daithne, noch do chuir an Tathair ann a
chúmhachduibh féin.
8 Achd geúbthaoi súbhailcighe chugaibh, ón
Spiorud Náomh thuirrleóngas óruibh, agus
beithi bhar bhíadhnuisibh dhamhsa a
Níarusalém, agus a ttír Iúdaighe uile, agus a
Samária, agus go soithe leithimeal na talmhan.
9 Agus an tan a dubhairt sé na neithesi, do
tógbhadh suás é, agus iádsan dá fheachain;
agus rug neúll as a namharc é.
10 Agus an féadh do bhádar ag féachuín go gér
air neamh agus eisean ag imtheachd, feuch, do
sheasadar días fear a neadach geal láimh ríu;
11 Noch a dubhairt fós, A dháoine ón Ghalilé,
créd fá seastháoi ag féachuin air neamh? an
Tíosaso, atá ar na thogbháil úaibh air neamh,

## Chapter 1

1 The former treatise have I made, O
Theophilus, of all that Jesus began both to do
and teach,
2 Until the day in which he was taken up, after
that he through the Holy Ghost had given
commandments unto the apostles whom he
had chosen:
3 To whom also he shewed himself alive after
his passion by many infallible proofs, being
seen of them forty days, and speaking of the
things pertaining to the kingdom of God:

4 And, being assembled together with *them*,
commanded them that they should not depart
from Jerusalem, but wait for the promise of
the Father, which, *saith he*, ye have heard of
me.
5 For John truly baptized with water; but ye
shall be baptized with the Holy Ghost not
many days hence.

6 When they therefore were come together,
they asked of him, saying, Lord, wilt thou at
this time restore again the kingdom to Israel?

7 And he said unto them, It is not for you to
know the times or the seasons, which the
Father hath put in his own power.

8 But ye shall receive power, after that the
Holy Ghost is come upon you: and ye shall be
witnesses unto me both in Jerusalem, and in
all Judæa, and in Samaria, and unto the
uttermost part of the earth.
9 And when he had spoken these things, while
they beheld, he was taken up; and a cloud
received him out of their sight.
10 And while they looked stedfastly toward
heaven as he went up, behold, two men stood
by them in white apparel;
11 Which also said, Ye men of Galilee, why
stand ye gazing up into heaven? this same
Jesus, which is taken up from you into heaven,
shall so come in like manner as ye have seen

is amhluidh thiocfas sé mar do chunncabhair
é ag imtheachd air neamh.
12 Ann sin dfilleadar go Híarusalém ón tslíabh
ré a nabarthar *slíabh* na Noluidheadh, noch
atá láimh lé Híarusalém asdar sabbóide.
13 Agus ar a nimtheachd a sdeach, do chúadar
súas a seomra úachdarach, mar ar fhan
Peadar, agus Séumus, agus Eóin, agus
Aindrias, Philip, agus Tomás, Bartoloméus,
agus Matha, Séumus *mhac* Alphéi, agus
Síomón Selótes, agus Iudás *dearbhrathair*
Shéumuis.
14 Do chomhnuigheadar so uile lé héantoil
amháin a nurnuighe, agus a nguidhe, maille ris
na mnáibh, agus lé Muire mathair Iósa, agus lé
na bhráithreachuibh.
15 Agus ann sna láethibhsin ar neirghe do
Pheadar a lár na ndeisciobal, a dubhairt sé,
(agus do bhí a núimhir anmann do bhí ar an
láthaírsin a dtimcheall chéud agus fithche,)
16 A dháoine *agus* a bhráithreacha, dob éigin
an sgrioptúrso a choimhliónadh, noch do
réamhrádh an Spíorad Náomh tré bhéul
Dhaibhi a dtimcheall Iúdais, noch do bhí na
éoluighe ag an muinntir do ghabh Iósa.
17 Oír do bhí sé ar na chomháireamh ar
measgne, agus fúair sé cuid don
mhiniosdralachdso.
18 Uime sin do sholáthair an fearso fearann ré
lúach éagcora; agus ar dtuitim dhó a ndiáigh a
chinn, do bhris sé ann a lár, agus do
sginneadar a inne uile amach.
19 Agus fúaradar aitreabhuigh Ierusalém uile
a fhois so; a gcruth go ngoirthear don
fhearannsin an a dteanguidhsion, Aceldáma,
eadhon, Fearan na fola.
20 Oír atá sgríobhtha a leabhar na Salm, Go
raibh a áit chomhnuidhe na fhasach, agus ná
háitreabhadh duine ar bith innte. Agus
glacadh neach eile a easbogoidheachd.
21 Ar a nadhbharsin is éigin áon don
mhuinntirsi do bhí má ráon rinne ar feadh na
haimsire uile ann a ndeachaidh an Tighearna
Iósa a sdeach agus amach eadruinn,
22 (Ag tosughadh ó bhaisdeadh Eóin, go soithe
an lá ann a rugadh súas uáinn é,) go mbíadh sé
ar bhfochairne na fhíadhnuisi ar
eiséirghesean.
23 Agus dórduigheadar diás, Ióseph dá
ngoirthi Barsabas, dar comhainm Iustus, agus
Matthías.
24 Agus ag déanamh urnuighe dhóibh, a
dubhradar, As tusa, a Thighearna, aithnidheas
croidhthe na nuile dháoine, foillsigh cía don
díasa do thogh tú.

him go into heaven.
12 Then returned they unto Jerusalem from
the mount called Olivet, which is from
Jerusalem a sabbath day's journey.
13 And when they were come in, they went up
into an upper room, where abode both Peter,
and James, and John, and Andrew, Philip, and
Thomas, Bartholomew, and Matthew, James
*the son* of Alphaeus, and Simon Zelotes, and
Judas *the brother* of James.
14 These all continued with one accord in
prayer and supplication, with the women, and
Mary the mother of Jesus, and with his
brethren.
15 And in those days Peter stood up in the
midst of the disciples, and said, (the number
of names together were about an hundred and
twenty,)
16 Men *and* brethren, this scripture must
needs have been fulfilled, which the Holy
Ghost by the mouth of David spake before
concerning Judas, which was guide to them
that took Jesus.
17 For he was numbered with us, and had
obtained part of this ministry.
18 Now this man purchased a field with the
reward of iniquity; and falling headlong, he
burst asunder in the midst, and all his bowels
gushed out.
19 And it was known unto all the dwellers at
Jerusalem; insomuch as that field is called in
their proper tongue, Aceldama, that is to say,
The field of blood.
20 For it is written in the book of Psalms, Let
his habitation be desolate, and let no man
dwell therein: and his bishoprick let another
take.
21 Wherefore of these men which have
companied with us all the time that the Lord
Jesus went in and out among us,
22 Beginning from the baptism of John, unto
that same day that he was taken up from us,
must one be ordained to be a witness with us
of his resurrection.
23 And they appointed two, Joseph called
Barsabas, who was surnamed Justus, and
Matthias.
24 And they prayed, and said, Thou, Lord,
which knowest the hearts of all *men*, shew
whether of these two thou hast chosen,

25 Do ghlacadh ionuid na miniosdrálachda so agus na habsdaltachda, ó a ndeachuidh Iúdas ar seachrán, ionnus go rachadh sé dhá ionad féin.
26 Ann sin do theilgeadar a ccrannchar; agus do thuit an crannchar ar Mhatthías, agus do toghadh é go háontadhach a bhfochair a néineasbal dég.

25 That he may take part of this ministry and apostleship, from which Judas by transgression fell, that he might go to his own place.
26 And they gave forth their lots; and the lot fell upon Matthias; and he was numbered with the eleven apostles.

## Caibidil 2

*A nam na cingcise, tainic an Spiorad Naomh a riocht teangtha sgoiltighe, ar na heasbalaibh.*

1 Agus an tan tháinig lá na Cingcíse go hiomlan, do bhádar uile dáontoil ar áonbhall.
2 Agus tháinig torann ó neamh go hobann mar do thiocfadh séideadh gháoithe ro aintréun, agus do líon sé an tigh uile mar a rabhadarsan na suidhe.
3 Agus do taisbéanadh dhóibh teangtha sgoiltighe mar theine, noch do shuidh air gach áon dióbh.
4 Agus do bhádar uile ar na líónadh don Spiorad Náomh, agus do thosuigheadar labhairt lé teangthuibh eile, do réir mar thug an Spiorad labhairt dhóibh.
5 Agus do bhádar na gcomhnuidh a Niarusalém Iúduidhe, dáoine díadha, do gach uile cheinéul dá bhfuil fáoi neamh.
6 Agus a ndul don tásgso amach, do chruinnigh an coimhthionól, agus do bhádar buáidheartha, do bhrígh go gcúaluidh gach áon aca iádsan ag labhairt ann a dteanguidh féin.
7 Agus do ghábh úathbhás, agus iongantas iád uile, ag rádh ré chéile, Féuch, a né nach Gaililéeanuigh íadso uile labhras?
8 Agus cionnas do chluinn sinne gach áon aguinn a theanguidh féin an a rugadh sinn?
9 Parti, agus Médi, agus Elamíti, agus na dáoine áitigheas a Mesopotámia, agus a Níudéa, agus a Gcappadócia, a Bpontus, agus ann sa Násia,
10 A Bhphrígia, agus a Bpamphília, ann sa Négipt, agus a ranntuibh Libia timcheall Chiréne, agus coigcrióchtha na Rómha, agus Iúduidhe agus Proseliti.
11 Luchd Chréta agus Arábia, do chluinmíd iád ag labhairt ann ar dteangthuibh féin oibreacha mórdhálacha De.
12 Agus do ghabh úathbhás, agus amharas iád úile, ag rádh gach fear ré a chéile, Créd is ciáll dó so?

## Chapter 2

1 And when the day of Pentecost was fully come, they were all with one accord in one place.
2 And suddenly there came a sound from heaven as of a rushing mighty wind, and it filled all the house where they were sitting.
3 And there appeared unto them cloven tongues like as of fire, and it sat upon each of them.
4 And they were all filled with the Holy Ghost, and began to speak with other tongues, as the Spirit gave them utterance.
5 And there were dwelling at Jerusalem Jews, devout men, out of every nation under heaven.
6 Now when this was noised abroad, the multitude came together, and were confounded, because that every man heard them speak in his own language.
7 And they were all amazed and marvelled, saying one to another, Behold, are not all these which speak Galilæans?
8 And how hear we every man in our own tongue, wherein we were born?
9 Parthians, and Medes, and Elamites, and the dwellers in Mesopotamia, and in Judæa, and Cappadocia, in Pontus, and Asia,
10 Phrygia, and Pamphylia, in Egypt, and in the parts of Libya about Cyrene, and strangers of Rome, Jews and proselytes,
11 Cretes and Arabians, we do hear them speak in our tongues the wonderful works of God.
12 And they were all amazed, and were in doubt, saying one to another, What meaneth this?

13 Agus a dubhradar dáoine eile ag fonomhad,
Is lán dfíon mhilis atáid síad so.
14 Achd ar seasamh do Pheadar a bhfochair a
naóin *easbuil* dég, dárdaigh sé a ghúth, agus
do labhair sé ríu, A phobail Iúdaidhe, agus a
luchd áitighe Iarusalém uile, bíodh a dheimhin
só agaibh, agus éisdigh rém bhríathruibh:
15 Oír ní bhfuilid siad so aír misge, mar
mheastaóise, an tan nach bhfuil sé achd an
treas uáir don lá.
16 Achd a sé so an ní a dubhradh tré san
bhfáidh Ióel,
17 Agus tíocfuigh chum críche ann sna
laéthibh déigheanacha (a deir Día,) dóirtfidh
mé dom Spiorad féin air gach uile fheóil: agus
do dhéunuid bhur mic agus bhur ningheana
fáidheadóireachd, agus do chífid bhur
nógánaigh taisbéunta, agus bhur seandáoine
aislingthe:
18 Agus fós dóirtfidh mé dom Spiorad féin ar
mo shearbhfhoghantuidhibh agus air mo
bhanóglachuibh ann sna laéthibhsin; agus do
dheanuid faidheadoireachd:
19 Agus foillseochuidh mé iongantuis ar
neamh shúas, agus comharthaidhe ar a
dtalamh shíos; fuil, agus teine, agus gal
deatuighe:
20 Iompóchar an ghrían a ndorchadas, agus
an ghealach a bhfuil, suil thiocfas an lá mór
oirdheirc sin an Tighearna:
21 Agus tiocfuidh chum críche, gidh bé
ghuídhfeas ainm an Tighearna sláineochthair
é.
22 Eisdigh na bríathrasa, a chlann Israél; Iósa
Nasarrdhá, duine dearbhtha ó Dhía
eadruibhsi maille lé cúmhachduibh agus lé
miórbhailibh agus le comharthaidhibh; noch
do rinne Día thrídsean eadruibhse, mar is
aithne dhibh féin:
23 An fearso, ar mbeith ar na thoirbhirt tré
chomhairle chinte agus tré réimhfheachuin
Dé, do ghabh sibhse, agus ar na chéasadh lé
lamhaibh drochdháoine do mharbhabhair é:
24 Noch do thóg Día súas, íar sgáoileadh
dhoilghis an bháis: ar a nadhbhar nar bhéidir
don bhás a chungbháil.
25 Oír a deir Dáibhi na thimcheallsan, Do
chunnairc mé an Tighearna am fhíadhnuisi do
ghnáth, óir atá sé ar mo láimh dheis, ionnus
nach ccorróchtháoi mé:
26 Ar a shon so do bhí mo chroidhe go
súbhach, agus do rinne mo theanga
lúathgháire; agus na cheann sin
suáimhneóchuidh mfeóil a ndóthchas:

13 Others mocking said, These men are full of
new wine.
14 But Peter, standing up with the eleven,
lifted up his voice, and said unto them, Ye men
of Judæa, and all *ye* that dwell at Jerusalem,
be this known unto you, and hearken to my
words:
15 For these are not drunken, as ye suppose,
seeing it is *but* the third hour of the day.
16 But this is that which was spoken by the
prophet Joel;
17 And it shall come to pass in the last days,
saith God, I will pour out of my Spirit upon all
flesh: and your sons and your daughters shall
prophesy, and your young men shall see
visions, and your old men shall dream dreams:
18 And on my servants and on my
handmaidens I will pour out in those days of
my Spirit; and they shall prophesy:
19 And I will shew wonders in heaven above,
and signs in the earth beneath; blood, and fire,
and vapour of smoke:
20 The sun shall be turned into darkness, and
the moon into blood, before that great and
notable day of the Lord come:
21 And it shall come to pass, *that* whosoever
shall call on the name of the Lord shall be
saved.
22 Ye men of Israel, hear these words; Jesus of
Nazareth, a man approved of God among you
by miracles and wonders and signs, which God
did by him in the midst of you, as ye yourselves
also know:
23 Him, being delivered by the determinate
counsel and foreknowledge of God, ye have
taken, and by wicked hands have crucified and
slain:
24 Whom God hath raised up, having loosed
the pains of death: because it was not possible
that he should be holden of it.
25 For David speaketh concerning him, I
foresaw the Lord always before my face, for he
is on my right hand, that I should not be
moved:
26 Therefore did my heart rejoice, and my
tongue was glad; moreover also my flesh shall
rest in hope:

27 Ar a nadhbhar nach bhfúigfe tú manam a
nifearn, agus ní fhuileónga tú do Aón
Náomhtha *féin* truáillidheachd dfaicsin.
28 Dfoillsigh tú dhamhsa slighthe na beatha;
líonfuidh tú mé do ghairdeachus léd ghnúis
féin.
29 A fheara *agus* a bhraithreacha, is éidir
leamsa labhairt go dána ribh a dtimcheall an
phatriárc Daibhí, go bhfuil sé tair éis bháis
agus ar na adhlacadh, agus atá a thúama
eadruinne gus an lá a niu.
30 Ar a nadhbharsin ar mbeith na fháidh dhó,
agus a fhios aige go dtug Día móid dhó maille
lé mionnuibh, go dtóigfeadh sé Críosd súas, do
shíol a leasruighsion, do réir na féola, agus go
ccuirfeadh sé na shuídhe ann a chatháoirsean
é;
31 Ar na réumhfhaicsin dó do labhair sé a
dtimcheall eiséirghe Chríosd, nach bhfúigfithi
a anam a nifearn, agus nach bhfaicfeadh a
cholann trúailleadh.
32 Do thóg Día an Tiosaso súas, agus
atámáoidne uile an bhfíadhnuisibh air.
33 Ar a nadhbharsin ar na bhreith súas lé
láimh dheis Dé, agus ar bhfaghháil an Spioraid
Náoimh do reir gheallamhna a Nathar, do
dhóirt sé amach an nísi, do chíthísi a nois agus
do chluintí.
34 Oír ní dheachuidh Dáibhi súas air neamh:
gidheadh a deir sé, A dubhairt an Tighearna
rém Thighearnasa, Suídh ar mo láimh dheis,
35 Nó go gcuire mé do námhaid na sdól fád
chosuibh.
36 Uime sin bíodh a fhios go dearbhtha ag tigh
Israél uile, go ndearnuidh Día Tighearna agus
Críosd, do Niosasa do chrochabhairsi.

37 Agus ar na chloinsin *so* dhóibh, do
goineadh ann a gcroidhe íad, agus a dubhradar
ré Peadar agus ris an gcuid eile do na
heasbaluibh, A fheara *agus* a bhráithreacha,
créud do dhéunam?
38 Agus do fhreagair Peadar iád, Déanuidh
aithrighe, agus baisdear gach áonduine agaibh
a nainm Iósa Críosd chum maitheamhnuis na
bpeacadh, agus géubhtháoi chugaibh
tiodhlacadh a Spioruid Naoimh.
39 Oír is dáoibhsi do rinneadh an gealladh,
agus dá bhar gcloinn, agus dá gach nduine a
ccían, eadhon gach áon ghoirfeas ar
Dtighearna Día.
40 Agus do ghuidh sé agus do theaguisg sé *íad*
ré morán eile do bhríathruibh, ag rádh,
Coimhéaduidh sibh féin on
drochgheinealachsa.

27 Because thou wilt not leave my soul in hell,
neither wilt thou suffer thine Holy One to see
corruption.
28 Thou hast made known to me the ways of
life; thou shalt make me full of joy with thy
countenance.
29 Men *and* brethren, let me freely speak unto
you of the patriarch David, that he is both dead
and buried, and his sepulchre is with us unto
this day.
30 Therefore being a prophet, and knowing
that God had sworn with an oath to him, that
of the fruit of his loins, according to the flesh,
he would raise up Christ to sit on his throne;
31 He seeing this before spake of the
resurrection of Christ, that his soul was not left
in hell, neither his flesh did see corruption.
32 This Jesus hath God raised up, whereof we
all are witnesses.
33 Therefore being by the right hand of God
exalted, and having received of the Father the
promise of the Holy Ghost, he hath shed forth
this, which ye now see and hear.
34 For David is not ascended into the heavens:
but he saith himself, The LORD said unto my
Lord, Sit thou on my right hand,
35 Until I make thy foes thy footstool.
36 Therefore let all the house of Israel know
assuredly, that God hath made that same
Jesus, whom ye have crucified, both Lord and
Christ.
37 Now when they heard *this*, they were
pricked in their heart, and said unto Peter and
to the rest of the apostles, Men *and* brethren,
what shall we do?
38 Then Peter said unto them, Repent, and be
baptized every one of you in the name of Jesus
Christ for the remission of sins, and ye shall
receive the gift of the Holy Ghost.
39 For the promise is unto you, and to your
children, and to all that are afar off, *even* as
many as the Lord our God shall call.
40 And with many other words did he testify
and exhort, saying, Save yourselves from this
untoward generation.

41 Ann sin na dáoine do ghabh chuca a
bhríathra go toileamhail do baisdeadh íad:
agus do cuireadh *léo* an lásin a dtimcheall thrí
míle anam.
42 Agus do chomhnuidheadar go daingion a
dteagasg na neasbal agus ann a ccumann a
mbriseadh aráin, agus a nurnuighibh.
43 Agus do ghabh eagla gach uile anam: agus
do rinneadh mórán do mhíorbhuilibh agus do
chomharthuibh leis na heasbaluibh.
44 Agus na huile dháoine do chreid do bhádar
a bhfochair a chéile, agus do bhádar na huile
neithe coitcheann aca;
45 Agus do reacadar a bhfineachas agus a
máoin, agus do roinneadar íad ar gach áon, fá
leith do réir a ríachdanuis.
46 Agus ag fanmhuin, gach láoi déantoil ann
sa teampoll, agus ag briseadh aráin ó thigh go
tigh, do chaithdís bíadh maille lé gáirdeachas
agus lé simplidheachd chroidhe,
47 Ag moladh Dé, agus ag fagháil ceana ón
phobal uile. Agus do chuir an Tighearna leis a
neagluis gach láoi, an dream do
sláinéochtháoi.

41 Then they that gladly received his word
were baptized: and the same day there were
added *unto them* about three thousand souls.
42 And they continued stedfastly in the
apostles' doctrine and fellowship, and in
breaking of bread, and in prayers.
43 And fear came upon every soul: and many
wonders and signs were done by the apostles.
44 And all that believed were together, and
had all things common;
45 And sold their possessions and goods, and
parted them to all *men*, as every man had
need.
46 And they, continuing daily with one accord
in the temple, and breaking bread from house
to house, did eat their meat with gladness and
singleness of heart,
47 Praising God, and having favour with all the
people. And the Lord added to the church daily
such as should be saved.

## Caibidil 3

*Do leighis Peadar an bacach, 19 agus brosduigh sé filleadh on olc go creidimh Chríosd an Tslanaigheoir.*

## Chapter 3

1 Agus do chúaidh Peadar agus Eóin a
néaineachd súas don teampoll a nam
urrnuighe, a dtimcheall a náoimhadh *huáir*.
2 Agus do hiomchradh duine áirighe do bhí na
mhairtíneach ó bhruinn a mhathar, noch do
chuirdís gach láoi ag dorus an teampuill ré a
ráitear Breagha, díarruidh déirce ar a ndruing
do théigheadh a sdeach don teampoll;
3 An tan do chunnairc an *fearso* Peadar agus
Eóin ar tí dul a steach don teampoll díarr sé
déirc.
4 Agus ar bhféuchain go géur do Pheadar air,
maille lé Heóin, a dubhairt *sé,* Féuch oruinne.
5 Agus tug seision aire dhóibh, a ndothchus
neithe éigin dfághail úatha.
6 Achd a dubhairt Peadar, Ní bhfuil airgead na
ór agamsa; achd an ní atá agam do bheirim
dhuitse é: A nainm Iósa Críosd Nasárrdha
éirigh agus siubhail.
7 Agus ar mbreith air a láimh dheis dó, do thóg
sé súas é: Agus ar an mball do neartuigheadh
mugharnaigh agus bonnaidhe a chos.
8 Agus do léim sé súas do sheas, agus do
shiubhail sé, agus do chuáidh sé ríu a steach

1 Now Peter and John went up together into
the temple at the hour of prayer, *being* the
ninth *hour*.
2 And a certain man lame from his mother's
womb was carried, whom they laid daily at the
gate of the temple which is called Beautiful, to
ask alms of them that entered into the temple;
3 Who seeing Peter and John about to go into
the temple asked an alms.
4 And Peter, fastening his eyes upon him with
John, said, Look on us.
5 And he gave heed unto them, expecting to
receive something of them.
6 Then Peter said, Silver and gold have I none;
but such as I have give I thee: In the name of
Jesus Christ of Nazareth rise up and walk.
7 And he took him by the right hand, and lifted
*him* up: and immediately his feet and ancle
bones received strength.
8 And he leaping up stood, and walked, and
entered with them into the temple, walking,
and leaping, and praising God.

don teampoll, ag siubhal, agus ag léimnidh agus ag moladh Dé:

9 Agus do chunnairc an pobal uile é ag siubhal agus ag moladh Dé:

9 And all the people saw him walking and praising God:

10 Agus daithneadar é gur ab é do bhíodh ag íarruidh déirce na shuidhe ag geata Bréagh an teampuill: agus do lionadh íad diongantas agus dúathbhás fá a ní sin thárla dhó.

10 And they knew that it was he which sat for alms at the Beautiful gate of the temple: and they were filled with wonder and amazement at that which had happened unto him.

11 Agus ag cungmháil Pheadair agus Eóin don mhairtíneach úd do slánughadh, do rioth an pobal uile chuca ag iongantus, don phoirse da ngoirthear *póirse* Sholaimh.

11 And as the lame man which was healed held Peter and John, all the people ran together unto them in the porch that is called Solomon's, greatly wondering.

12 Agus ar na fhaicsin *sin* do Pheadar, do fhreagair sé don phobal; A fheara Israél, créd fá bhfuil iongnadh aguibh ann so? nó créd fá bhfuiltí ag sírfhéachuin oruinne, amhuil as gur tré ar gcúmhachdaibh féin nó tré ar náomhthachd do thugamar air an bhfearso siúbhal?

12 And when Peter saw *it*, he answered unto the people, Ye men of Israel, why marvel ye at this? or why look ye so earnestly on us, as though by our own power or holiness we had made this man to walk?

13 Día Abrahám, agus Isáac, agus Iácob, Día ar naithreachne, do ghlóruighe sé a Mhac féin Iósa; noch do bhraitheabhairse, agus do shéunabhair a bhfíadhnuisi Phíolaid, an tan rug sé do bhreith a sgáoileadh.

13 The God of Abraham, and of Isaac, and of Jacob, the God of our fathers, hath glorified his Son Jesus; whom ye delivered up, and denied him in the presence of Pilate, when he was determined to let *him* go.

14 Achd do shéunabhairse an Neach Náomhtha Fíréanta, agus díarrabhair *fear* dúnmharbhtha do thiodhlacadh dhíbh;

14 But ye denied the Holy One and the Just, and desired a murderer to be granted unto you;

15 Achd do mharbhabhair Ughdar na beatha, noch do dhúisigh Día ó mharbhaibh; agá bhfuilmídne ar bhfíadhnuisibh.

15 And killed the Prince of life, whom God hath raised from the dead; whereof we are witnesses.

16 Agus tré chreideamh anmasán, do neartaidh a ainm an fearso, do chíthí agus áitheantáoi: agus, an creidheamh atá dhá tháobhsan, tug sé dhó so an tsláinte iomlánso ann bhur lathairse uile.

16 And his name through faith in his name hath made this man strong, whom ye see and know: yea, the faith which is by him hath given him this perfect soundness in the presence of you all.

17 Agus a nois, a dhearbhraithe, atá a fhios agam gur tré ainbhfios do rinneabhair *na neithe so,* agus bhur núachdaráin mar an gcéadna.

17 And now, brethren, I wot that through ignorance ye did *it*, as *did* also your rulers.

18 Achd is mar so do chomhlíon Día, na neithe do réumhfhoillsigh sé tré bhéul a fhaigheadh uile, go bhfuileóngadh Críosd.

18 But those things, which God before had shewed by the mouth of all his prophets, that Christ should suffer, he hath so fulfilled.

19 Ar a nadhbharsin déunaidh aithrighe, agus fillidh, ionnus go sgriosfuidhe bhur bpeacaidh, a núair thiocfus aimsir a nfúaraidh ó fhíadnuise an Tighearna;

19 Repent ye therefore, and be converted, that your sins may be blotted out, when the times of refreshing shall come from the presence of the Lord;

20 Agus chuirfeas sé úadh Iósa Críosd, noch do seanmórughadh dhíbh roimhe:

20 And he shall send Jesus Christ, which before was preached unto you:

21 Dár ab éigin do neamh a ghabháil go teachd daimsearachaibh aiseagtha na nuile neitheann, noch do labhair Día tré bhéul a uile fháigheadh náomhtha ó thús an domhain.

21 Whom the heaven must receive until the times of restitution of all things, which God hath spoken by the mouth of all his holy prophets since the world began.

22 Oír a dubhairt Máoise ris na haithreachuibh, Toigéubhaidh bhur Dtighearna Día fáidh súas díbh dá bhur

22 For Moses truly said unto the fathers, A prophet shall the Lord your God raise up unto you of your brethren, like unto me; him shall

ndearbhraithreachaibh féin, mar misi; éisdfidh sibh ris sna huile neithíbh laibheórus sé ribh.
23 Agus tiocfuidh chum críche, gidh bé anam, nách éisfidh ris an bhfáidhsin, go sgriosfuighthear é as an bpóbal.
24 Agus, dfoillsigheadar na huile fháidhe mar án gcéudna ó Shámuél agus ón druing do lean é ó shoin, an mhéid do labhair dhíobh, na laéthe so.
25 As sibhsi clann na bhfáigheadh, agus na tiomna do rinne Día ré ar naithreachaibh, ag rádh ré Hábraham, Agus ann do shíolsa bheannóchthar cineadhacha na talmhan uile.
26 As chuguibhse ar tús, do chuir Día a Mhac féin Iósa, ar na dhúsachd *ó mharbhuibh,* dá bhur mbeannughadh, ionnus go bhfilleadh gach áon aguibh ó bhur nolcaibh.

ye hear in all things whatsoever he shall say unto you.
23 And it shall come to pass, *that* every soul, which will not hear that prophet, shall be destroyed from among the people.
24 Yea, and all the prophets from Samuel and those that follow after, as many as have spoken, have likewise foretold of these days.
25 Ye are the children of the prophets, and of the covenant which God made with our fathers, saying unto Abraham, And in thy seed shall all the kindreds of the earth be blessed.
26 Unto you first God, having raised up his Son Jesus, sent him to bless you, in turning away every one of you from his iniquities.

## Caibidil 4

*Admhail dhán Pheadair, 23 urnuighe, 32 agus ionnanus na gcreidmheach.*

1 Agus an feadh do bhádar ag labhairt ris an bpobal, tangadar na sagairt, agus úachdarán an teampoill, agus na Saducíni ortha,
2 Ag doilgheas go rabhadarsan ag teagasg an phobail, agus ag seanmórughadh a Níosa eiséirghe ó mharbhuibh.
3 Agus do chuireadar lámha ionnta, agus do chuireadar a bpríosún *íad* go *dtáinic* ar na mhárach: oír do bhí sé fá a namsin déigheanach.
4 Gidheadh mórán da ccúaluidh an bhríathar do chreideadar; agus do bhí úibhir na ndáoine a dtimcheall chúig míle.
5 Agus tárla ar na mhárach, gur chruinnidheadar a núachdaráin, agus a sinnsir, agus a sgríobuidhe,
6 Agus Annas an tárdsagurt, agus Cáiaphas, agus Eóin, agus Ailecsandar, agus gach a raibh do chineul na nárdsagart, a bhfochair a chéile a Níarusalém.
7 Agus an tan do chuireadar a lár íad, dfíafruigheadar, Créud é an túghdarrás, nó an tainm, as a ndearna sibhse a ní so?
8 Ann sin ar mbeith do Pheadar, ar na líonadh don Spiorad Náomh, a dubhairt sé ríu, A úachdaráin an phobuil, agus a shinnseara Israél,
9 O atámáoidne a niugh air ar dtabhairt chum ceasda a dtimcheall na máitheasa do rinneadh don duine éagcrúaidh, cionnus do slánnuigheadh é;

## Chapter 4

1 And as they spake unto the people, the priests, and the captain of the temple, and the Sadducees, came upon them,
2 Being grieved that they taught the people, and preached through Jesus the resurrection from the dead.
3 And they laid hands on them, and put *them* in hold unto the next day: for it was now eventide.
4 Howbeit many of them which heard the word believed; and the number of the men was about five thousand.
5 And it came to pass on the morrow, that their rulers, and elders, and scribes,
6 And Annas the high priest, and Caiaphas, and John, and Alexander, and as many as were of the kindred of the high priest, were gathered together at Jerusalem.
7 And when they had set them in the midst, they asked, By what power, or by what name, have ye done this?
8 Then Peter, filled with the Holy Ghost, said unto them, Ye rulers of the people, and elders of Israel,
9 If we this day be examined of the good deed done to the impotent man, by what means he is made whole;

10 Bíodh a fhios aguibhse uile, agus ag pobal
Israél uile, gur tré ainm Iósa Críosd
Nasárrdha, noch do chrochabhairse, noch do
dhúisigh Día ó mharbhuibh, as trídsean
sheasus an fearso slán an bhur bhfiadhnuísesi.
11 A sí so an chloch úd do bhí fá neimhchion
aguibhse a sháora, dá ndearnadh ceann an
chuáinne.
12 Agus ní bhfuil slánughadh a neach air bith
eile: oír ní bhfuil ainm ar bith eile fáoi neamh
ar na thabhairt do dháoinibh, lér ab éidir sinne
shlánughadh.
13 Agus an tan thugadar dhá naire dánachd
Pheadair, agus Eóin, agus gur thuigeadar a
mbeith na ndáoinibh gan fhoghluim gan éolus,
do ghabh iongantus íad; agus daithneadar, go
rabhadar a bhfochair Iósa.
14 Agus ar bhfaicsin a nfir do bhí ar na
shlánughadh na sheasamh na bhfochair, ní
raibh éainní aca ré rádh na uaghuidh.
15 Achd ar na fhógra dhóibh dul amach as an
gcomhairle, diomraidheadar eatorra féin,
16 Ag rádh, Créud do dhéunam ris an
muinntirse? óir go deimhin atá comhartha
foillsightheach aca ar na dheanamh agus is
follus do gach áon áitigheas á Niárusalem é;
agus ní féidir linne a shénna.
17 Achd deagla leathnuighthe dhó ní as faide a
measg an phóbail, toirmisgeam íad go
bagrach, fá labhairt feasda sa náinmse ré
duine ar bith.
18 Agus ar na ngairm dhóibh, dáithneadar
dhíobh gan labhairt air éanchor agus gan
teagusg do dhéunamh a nainm Iósa.
19 Achd ar bhfreagra do Pheadar agus Deóin,
a dubhradar ríu, Measuigh féin an córa a
bhfíadhnuise Dé, sibhsi deisdeachd ná Día.
20 Oír ní héidir linne gan na neithe do
chúalamar agus do chunncamar do labhairt.
21 Agus ar ndéanamh bagair dhoibhsean, do
léigeadar úatha íad, mar nach bhfúaradar
slighe ar bith chum pionúis do thabhairt
dóibh, ar son an phobail: oír tugadar uile glóir
do Dhía ar son a neithe do rinneadh ann.
22 Oír do bhí an té air a ndearnadh an
comhartha slainte úd, ós cionn dá fhichead
bhliadhan dáois.
23 Agus ar na léigean amach, tangadar chum a
gcompánách, agus dfoillsigheádar gach a
ndubhradar na hárdsaguirt agus ná sinnsir
ríu.
24 Agus ar na chlós so dhóibhsean, do
thógbhadar súas a ngúth déantoil chum Dé,
agus a dubhradar, a Tighearna, *is* tusa an Día

10 Be it known unto you all, and to all the
people of Israel, that by the name of Jesus
Christ of Nazareth, whom ye crucified, whom
God raised from the dead, *even* by him doth
this man stand here before you whole.
11 This is the stone which was set at nought of
you builders, which is become the head of the
corner.
12 Neither is there salvation in any other: for
there is none other name under heaven given
among men, whereby we must be saved.
13 Now when they saw the boldness of Peter
and John, and perceived that they were
unlearned and ignorant men, they marvelled;
and they took knowledge of them, that they
had been with Jesus.
14 And beholding the man which was healed
standing with them, they could say nothing
against it.
15 But when they had commanded them to go
aside out of the council, they conferred among
themselves,
16 Saying, What shall we do to these men? for
that indeed a notable miracle hath been done
by them *is* manifest to all them that dwell in
Jerusalem; and we cannot deny *it*.
17 But that it spread no further among the
people, let us straitly threaten them, that they
speak henceforth to no man in this name.
18 And they called them, and commanded
them not to speak at all nor teach in the name
of Jesus.
19 But Peter and John answered and said unto
them, Whether it be right in the sight of God
to hearken unto you more than unto God,
judge ye.
20 For we cannot but speak the things which
we have seen and heard.
21 So when they had further threatened them,
they let them go, finding nothing how they
might punish them, because of the people: for
all *men* glorified God for that which was done.
22 For the man was above forty years old, on
whom this miracle of healing was shewed.
23 And being let go, they went to their own
company, and reported all that the chief
priests and elders had said unto them.
24 And when they heard that, they lifted up
their voice to God with one accord, and said,
Lord, thou *art* God, which hast made heaven,

do rinne neamh, agus talamh, agus an fháirge,
agus gach a bhfuil ionnta:
25 Noch a dubhairt tré béul Dáibhi do
shearbhfhoghantuighe féin, Créud fár líonadar
na cineadhacha dfeirg, agus fár smuáineadar
na puibleacha neithe díomháoineacha?
26 Do sheasadar ríghthe na talmhan, agus do
chruinnigheadar na húachdaráin a bhfochair a
chéile, a naghaidh an Tighearna, agus a
naghaidh a Chríosd.
27 Oír do chruinnigheadar gan chonntabhairt
a bhfochair a chéile, sa chathraighse, Ioruaidh,
agus Poinnsius Píoláid, maille ris na
Cineadhachuibh, agus ré puibleachaibh Israél,
a naghaidh do Mhic náomtha Iósa, noch do
óng tú,
28 Do dhéanamh gach neithe dár
réumhórdaigh do lámhsa agus do chomhairle
a dhéanamh.
29 Agus a nois, a Thighearna, tabhair aire dá
mbagur: agus tabhair dod
shearbhfhoghantuidhibh féin, do bhríathar a
lábhairt maille ré gach uile dhánachd,
30 Ag sineadh do láimhe amach chum leighis;
agus comharthadh agus miorbhuileadh do
dhéanamh tré ainm do mhic náomtha fein
Iósa.
31 Agus ar ndéunamh úrnuighe dhóibh, do
chríothnuighe a náit a rabhadar a bhfochair a
chéile; agus do líonadh íad uile don Spiorad
Náomh, agus do lábhradar bríathar Dé maille
ré dánachd.
32 Agus do bhí áon chróidhe agus áon anam
amháin ag an druing do chreid: agus ní
dúbhairt éainneach *aca* go madh leis féin áon
ní dhá raibh na sheilbh; achd do bhádar na
huile neithe comhchoitcheann aca.
33 Agus tugadar na habsduil maille ré
cúmhachdaibh móra fíadhnuise eiséirghe an
Tighearna Iósa úatha: agus do bhádar grásá
móra orrtha uile.
34 Oír ní raibh éainneach eatorra ar a raibh
riachdanus: oír an mhéid do bhí na
sealbhaigheóiribh fearuinn nó tighthe, ar na
réic, do bheirdís lúach na neithe do bhí ar na
reac leó,
35 Agus do chuirdís ag cósaibh na nabsdal *é*:
agus do roinntí *é* ar gach áon do réir a
ríachdanuis.
36 Agus Ióses, dar ghoireadar na habsdail
Barnabas, (sé sin, ar na eidirmhíniughadh,
Mac na comhfhurthachda,) ar mbeith dhó na
Lebhíte, *agus* do fhreimh na Sioprus,

and earth, and the sea, and all that in them is:
25 Who by the mouth of thy servant David hast
said, Why did the heathen rage, and the people
imagine vain things?
26 The kings of the earth stood up, and the
rulers were gathered together against the
Lord, and against his Christ.
27 For of a truth against thy holy child Jesus,
whom thou hast anointed, both Herod, and
Pontius Pilate, with the Gentiles, and the
people of Israel, were gathered together,
28 For to do whatsoever thy hand and thy
counsel determined before to be done.
29 And now, Lord, behold their threatenings:
and grant unto thy servants, that with all
boldness they may speak thy word,
30 By stretching forth thine hand to heal; and
that signs and wonders may be done by the
name of thy holy child Jesus.
31 And when they had prayed, the place was
shaken where they were assembled together;
and they were all filled with the Holy Ghost,
and they spake the word of God with boldness.
32 And the multitude of them that believed
were of one heart and of one soul: neither said
any *of them* that ought of the things which he
possessed was his own; but they had all things
common.
33 And with great power gave the apostles
witness of the resurrection of the Lord Jesus:
and great grace was upon them all.
34 Neither was there any among them that
lacked: for as many as were possessors of lands
or houses sold them, and brought the prices of
the things that were sold,
35 And laid *them* down at the apostles' feet:
and distribution was made unto every man
according as he had need.
36 And Joses, who by the apostles was
surnamed Barnabas, (which is, being
interpreted, The son of consolation,) a Levite,
*and* of the country of Cyprus,

37 Ar mbeith go raibh fearann aige, do reac sé *é*, agus tug sé ris an tairgead, agus do chuir sé ag cosaibh na nabsdal *é*.

37 Having land, sold *it*, and brought the money, and laid *it* at the apostles' feet.

## Caibidil 5

*Bás úathbhasach Ananías agus Shaphírah arson chealgoireacht, 33 agus na heasbuil, a mbaóghal báis ar son na firinne, do sháoradh iad tre chomhairle Ghamaliel.*

## Chapter 5

1 Agus do reac fear áirighe dar bhainm Ananías, maille ré na mhnáoi Saphira, fearann do bhí ann a sheilbh,
2 Agus do chonnaimh aige go folaightheach *cuid* dá lúach, go bhfios da mhnáoi, agus ar dtabhairt choda éigin ris, do chuir sé ag cosaibh na nabsdal é.
3 Ann sin a dubhairt Peadar, A Ananías, créd fár líon Sátan do chróidhe do dhéunamh bréige leis an Spiorad Náomh, agus do chungbháil *coda* éigin do lúach an fhearuinn go foluidhtheach?
4 A né nár leachd féin é dá gcongabhtha é, agus an é nach raibh sé ad chúmhachdaibh féin, íar na reic? créd far smúain tú a ní so ad chróidhe? ní lé dáoinibh do rinne tú brég, achd ré Día.
5 Agus ar gcloinsin na mbríatharsa Dananías, do thuit sé síos, agus do chúaidh a anam as: agus do bhí eagla mhór ar gach duine dhá ccúaluidh na neithe so.
6 Agus ar éirghe do na hóganaibh, rugadar air, agus ar ná iomchor dhóibh dadhlacadar *é*.
7 Agus tárla a dtimcheall thrí núair na dhiáigh sin, go dtáinig a bhean a steach, gan fios an neithe do rinneadh aice.
8 Agus a dubhairt Peadar ría, Innis damh an ar a noiread so do reacabhair an fearánn? agus a dubhairt sise, Seadh, air a noiread sin.
9 Ann sin a dubhairt Peadar ría, Créud fár chomháontuigh sibh cathughadh do chur ar Spioruid an Tighearna? féuch, atáid cosa na muinntire dadhluic thfear ag an dorus, agus béuruid síad thúsa ríu.
10 Agus ar a núairsin féin do thuit sise agá chosaibh, agus do chúaigh a spiorad aisde: agus ar dteachd a steach do na hogánuibh, fúaradar marbh í, agus ar na breith leó, dadhluiceadar í a naice a fir.
11 Agus do bhí eagla mhór air a neagluis uile, agus ar na huile dháoinibh do chúaladh na neithe so.
12 Agus do nithí mórán do chomharthadhaibh agus do mhíorbhailibh, tré lámhuibh na

1 But a certain man named Ananias, with Sapphira his wife, sold a possession,
2 And kept back *part* of the price, his wife also being privy *to it*, and brought a certain part, and laid *it* at the apostles' feet.
3 But Peter said, Ananias, why hath Satan filled thine heart to lie to the Holy Ghost, and to keep back *part* of the price of the land?
4 Whiles it remained, was it not thine own? and after it was sold, was it not in thine own power? why hast thou conceived this thing in thine heart? thou hast not lied unto men, but unto God.
5 And Ananias hearing these words fell down, and gave up the ghost: and great fear came on all them that heard these things.
6 And the young men arose, wound him up, and carried *him* out, and buried *him*.
7 And it was about the space of three hours after, when his wife, not knowing what was done, came in.
8 And Peter answered unto her, Tell me whether ye sold the land for so much? And she said, Yea, for so much.
9 Then Peter said unto her, How is it that ye have agreed together to tempt the Spirit of the Lord? behold, the feet of them which have buried thy husband *are* at the door, and shall carry thee out.
10 Then fell she down straightway at his feet, and yielded up the ghost: and the young men came in, and found her dead, and, carrying *her* forth, buried *her* by her husband.
11 And great fear came upon all the church, and upon as many as heard these things.
12 And by the hands of the apostles were many signs and wonders wrought among the people; (and they were all with one accord in

nabsdal a measg an phobail; agus do bhídis
uile déantoil a bpóirse Sholaimh.
13 Achd don druing eile níor lamh éainneach
aca greamughadh léo: gidheadh do bhí meas
mór ag an phobal orrtha.
14 Achd is móide do mhéudaigh an úimhir
fhear agus bhan, do chreid don Tighearna.
15 Ionnus go niomchraidís amach fá na
sráidibh na daoine éugcruáidhe, agus go
gcuirdís ar leapachuibh *íad*, ionnus ag teachd
do Pheadar go gcuirfeadh a sgáile amháin
sgáile ar neach éigin díobh.
16 Agus do thígdís morán a gceann a chéile as
na caithreachaibh timcheall go Hiárusalem, ag
tabhairt dháoine éagcrúaidhe, agus
búaidheartha ó spioradaibh neamhghlana ríu;
noch do slánuighthi uile.
17 Achd ar néirghe súas don nárdshagart, agus
gach a raibh na fhochair, (mar atá airiceachd
na Saducíneach,) do líonadh do thnúdh íad.
18 Agus do chuíreadar a lámha sna
habsdalaibh, agus do chuireadar sa bpríosún
choitcheann íad.
19 Achd dfosgail aingeal an Tighearna sa
noídhche dóirse an phriosúin, agus ar na
dtreórughadh amach, a dubhairt sé,
20 Imthighidh rómhaibh, agus ar seasamh sa
teampall dáoibh labhruidh ris an bpobal na
huile bhríathra na beathasa.
21 Agus ar na chloinsin *só* dhóibhsean, do
chúadar a steach don teampall go móch ar
maidin, agus do theaguisgeadar. Achd ar
dteachd don árdshagart, agus don druing do
bhí na fhochair, do ghoireadar cómhairle, agus
sinnsir chloinne Israél uile a gceann a chéile,
agus do chuíreadar teachda ar a gceannsan
chum an phríosúin.
22 Agus ar dteachd do na máoruibh, ní
fhúaradar íadsan sa bpríosún, agus ar
bhfilleadh dhóibh, dinniseadar *sin*,
23 Ag radh, Fúaramar go deimhin an príosún
dúnta go dúthrachdach, agus an luchd
coimhéuda na seasamh a muigh as comhair na
ndoírrseadh: achd ar nosgladh dhúinn, ní
fhúaramar áonduine a stigh.
24 Agus ar gclós na mbríatharsa do
nárdshagart agus dúachdarán an teampuill
agus dúachdaránaibh na sagart, do bhí
conntabhairt aca na dtimcheallsan créud do
thiocfadh as so.
25 Achd ar dteachd do neach áirighe dinnis sé
dhóibh, ag rádh, Féuch, na fir do chuireabhair
a bpríosún atáid síad na seasamh sa teampall,
agus ag teagusg an phobail.

Solomon's porch.
13 And of the rest durst no man join himself to
them: but the people magnified them.
14 And believers were the more added to the
Lord, multitudes both of men and women.)
15 Insomuch that they brought forth the sick
into the streets, and laid *them* on beds and
couches, that at the least the shadow of Peter
passing by might overshadow some of them.
16 There came also a multitude *out* of the cities
round about unto Jerusalem, bringing sick
folks, and them which were vexed with
unclean spirits: and they were healed every
one.
17 Then the high priest rose up, and all they
that were with him, (which is the sect of the
Sadducees,) and were filled with indignation,
18 And laid their hands on the apostles, and
put them in the common prison.
19 But the angel of the Lord by night opened
the prison doors, and brought them forth, and
said,
20 Go, stand and speak in the temple to the
people all the words of this life.
21 And when they heard *that*, they entered into
the temple early in the morning, and taught.
But the high priest came, and they that were
with him, and called the council together, and
all the senate of the children of Israel, and sent
to the prison to have them brought.
22 But when the officers came, and found
them not in the prison, they returned, and
told,
23 Saying, The prison truly found we shut with
all safety, and the keepers standing without
before the doors: but when we had opened, we
found no man within.
24 Now when the high priest and the captain
of the temple and the chief priests heard these
things, they doubted of them whereunto this
would grow.
25 Then came one and told them, saying,
Behold, the men whom ye put in prison are
standing in the temple, and teaching the
people.

26 Ann sin ar nimtheachd don chaiptín maille ris na máoruibh, tug sé leis íad gan choimhéigneadh: oír do bhí eagla an phobail ortha, go ngéubhaidís do chlochaibh orrtha.

27 Ar a nadhbharsin tar éis íad dhá dtabhairt leó, do chuireadar a bhfíadhnuise na cómhairle *íad*, agus dfiafruigh an tárdsagart díobh,

28 Ag rádh, A né nar áithneamairne go ródhithcheallach dhíbh gan teagusg do dhéunamh sa nainmse? agus, féuch, do líonabhair Ierusalem le bhur dteagusg, agus as mían libh fuil an duinese do thairruing oruinne.

29 Agus ar bhfreagra do Pheadar agus do na habsdaluibh a dubhradar, Is mó is éigin úmhlughadh do Dhía, ná do dháoinibh.

30 Do thóg Día ar naithreachne Iósa súas, noch do mharbhabhairse ar na chrochadh a gcrann.

31 Do thóg Día re na láimh dheis féin é só súas na Phríonnsa agus na Shlánaightheóir, do thabhairt aithrighe, agus maithmheachais na bpeacadh Disraél.

32 Agus atámáoidne ar bhfíadhnuisibh dhó ar na neíthibhse *a deirmíd*; agus mar an gcéudna an Spiorad Náomh, nóch thug Día dón druing úmhlaigheas dó.

33 Agus ar gclós na *neítheadhsa* dhóibhsean, do bhádar air a ngearradh, agus do rinneadar cómhairle íadsan do mharbhadh.

34 Achd ar néirghe súas Dfairisíneach áirighe, sa gcómhairle, dár bhainm Gamáliel, doctúr dlíghe, do bhí fá chion ag an bpobal uile, daithin sé na habsdail chur amach ar feadh tamuill;

35 Agus a dubhairt sé ríu, A fhiora Israél, tabhraidh bhur naire ribh féin créd do dhéuntáoi a dtáobh na muinntirese.

36 Oír roimhe a naimsirse déirghe Teúdas súas, ag rádh, Go madh neach éigin *mór* é féin; lércheangail úibhir dháoine, a dtimcheall cheithre gcéud: noch do marbhadh; agus an mhéid dáontuigh dhó, do spréaghadh, agus do chuireadh a neimbrígh íad.

37 Tar éis an fhirse déirghe Iúdás an Galileánach súas a laéthibh an dáoirchíosa, agus do tharruing sé mórán dón phóbal chuige féin: agus do sgriosadh an fearsa fós; agus do spréaghadh uile, an mhéid tug a náonta dhó.

38 Agus a deirim ribh a nois, Seachnuidh sibh féin ar an muinntirse, agus léigidh dhóibh: oír más ó dháoinibh thig an chómhairle nó a nóbairse, cuirfighthear a neimbrígh é.

26 Then went the captain with the officers, and brought them without violence: for they feared the people, lest they should have been stoned.

27 And when they had brought them, they set *them* before the council: and the high priest asked them,

28 Saying, Did not we straitly command you that ye should not teach in this name? and, behold, ye have filled Jerusalem with your doctrine, and intend to bring this man's blood upon us.

29 Then Peter and the *other* apostles answered and said, We ought to obey God rather than men.

30 The God of our fathers raised up Jesus, whom ye slew and hanged on a tree.

31 Him hath God exalted with his right hand *to be* a Prince and a Saviour, for to give repentance to Israel, and forgiveness of sins.

32 And we are his witnesses of these things; and *so is* also the Holy Ghost, whom God hath given to them that obey him.

33 When they heard *that*, they were cut *to the heart*, and took counsel to slay them.

34 Then stood there up one in the council, a Pharisee, named Gamaliel, a doctor of the law, had in reputation among all the people, and commanded to put the apostles forth a little space;

35 And said unto them, Ye men of Israel, take heed to yourselves what ye intend to do as touching these men.

ar an dtáibhse, a dubhairt an Spiorad ris,
Féuch, atá tríur fear dod íarraidh.
20 Uime sin éiridh, téigh síos, agus imthigh
ríu, gan amharus ar bith do bheith ort: óir is
misi do chuir uáim íad.
21 Ar ndul síos do Pheadar an tan sin chum na
bhfear do cuireadh chuige ó Chornélius; a
dubhairt sé, Féuchaidh, is misi an té atá sibhse
íarraidh: créud é an tadhbhar fá dtangabhair?
22 Agus a dubhradarsan, Cornélius an caiptín,
duine comhthrom, air a bhfuil eagla Dé, agus
fear deaghtheasda ag an gcineadh Iúdaighe
uile, fuáir sé fógra ó Dhía tré aingeal náomhtha
fios do chur ortsa dá thigh féin, agus éisdeachd
ré briathra úaitse.
23 An sin do ghoir sé a steach íad, agus tug sé
áoidheachd *dóibh*. Agus ar na mhárach do
imthigh Peadar ríu, agus dimthigh dream
áirighe do na dearbhraithreachaibh do bhí a
Níoppá ma ráon ris.
24 Agus an lá na dhiáigh sin do chuádar a
steach go Séasaréa. Agus do bhí Cornélius ag
fuireach ríu, ar ngairm a gháoil agus a charad
ndiongmhala a gceann a chéile dhó.
25 Agus tárla ré dteachd Pheadair a sdeach, go
dtáinic Cornélius do theagmháil dó, agus do
onóraigh sé *é*, dhá léigean féin síos agá
chosaibh.
26 Achd do thóg Peadar súas é, ag rádh,
Eiridh; oír as duine misi féin.
27 Agus ar mbeith dhó ag comhrádh ris, do
chuáidh sé a steach, agus fuair sé mórán ar
gcruinniughadh a gceann a chéile.
28 Agus a dubhairt sé ríu, Atá a fhios agaibhse
nách dlightheach do Iúdaighe é féin do
cheangal deachdrannach, nó teachd dá ghoire;
gidheadh do fhoillsigh Día dhamhsa gan duine
coitcheann nó neamhghlan do ghairm do
neach ar bith.
29 Ar a nadhbharsin tháinig mé gan díultadh,
a núair do cuireadh fios oram: uime sin
fíafruighim créud é an tádhbhar fár
chuireabhair fios oram?
30 A dubhairt Cornélius an tan sin, Ré ceithre
lá gus a nuáirse do bhí mé ag déunamh troisge;
agus sa náomhadh huáir do bhí mé ag

17 Now while Peter doubted in himself what
this vision which he had seen should mean,
behold, the men which were sent from
Cornelius had made enquiry for Simon's
house, and stood before the gate,
18 And called, and asked whether Simon,
which was surnamed Peter, were lodged there.
19 While Peter thought on the vision, the Spirit
said unto him, Behold, three men seek thee.
20 Arise therefore, and get thee down, and go
with them, doubting nothing: for I have sent
them.
21 Then Peter went down to the men which
were sent unto him from Cornelius; and said,
Behold, I am he whom ye seek: what *is* the
cause wherefore ye are come?
22 And they said, Cornelius the centurion, a
just man, and one that feareth God, and of
good report among all the nation of the Jews,
was warned from God by an holy angel to send
for thee into his house, and to hear words of
thee.
23 Then called he them in, and lodged *them*.
And on the morrow Peter went away with
them, and certain brethren from Joppa
accompanied him.
24 And the morrow after they entered into
Cæsarea. And Cornelius waited for them, and
had called together his kinsmen and near
friends.
25 And as Peter was coming in, Cornelius met
him, and fell down at his feet, and worshipped
*him*.
26 But Peter took him up, saying, Stand up; I
myself also am a man.
27 And as he talked with him, he went in, and
found many that were come together.
28 And he said unto them, Ye know how that
it is an unlawful thing for a man that is a Jew
to keep company, or come unto one of another
nation; but God hath shewed me that I should
not call any man common or unclean.
29 Therefore came I *unto you* without
gainsaying, as soon as I was sent for: I ask
therefore for what intent ye have sent for me?
30 And Cornelius said, Four days ago I was
fasting until this hour; and at the ninth hour I
prayed in my house, and, behold, a man stood

déunamh urnaighe ann mo thigh féin, agus, féuch, do sheas neach am fhíadhnuise a néudach dheallruightheach,

31 Agus a dubhairt sé, A Chornélius, do héisdeadh húrnaighe, agus do coimhnigheadh do dhéirc a bhfíadhnuise Dé.

32 Uime sin cuir fios go Híoppá, agus goir chugad Síomón, dar comhainm Peadar; atá se ar aóidheachd a dtigh Shíomóin fhir leasaighthe leathair láimh ris an bhfáirrge: agus an tan thiucfas sé, laibheóruigh sé riotsa.

33 Ar a nadhbharsa a nuáir sin féin do chuir me fios ortsa; agus as maith do rinne tú theachd. Uime sin a nois atámuid uile a bhfiadhnuise Dé, chum eisdeachda gacha uile neithe do haithnigheadh dhíotsa ó Dhía.

34 Agus ar nosgladh a bhéil do Pheadar a dubhairt sé, Do gheibhim go fírinneach nach bhféuchann Día do phearsannaibh seach a chéile:

35 Achd ann gach uile chineadh, gabhuidh sé ris an tí, air ambí a eagla agus do ní ceart.

36 An bhríathar noch do fhoillsigh sé do chloinn Israél, ag soisgéulughadh síothchána tré Iósa Críosd: noch atá na Thighearna ós cionn na nuile:

37 Atá a fhios agaibhse, créud do rinneadh feadh thíre Iúdaidhe uile, ag tosughadh ón Ngalilé, tar éis an bhaisdigh noch do sheanmóraidh Eóin;

38 Cionnus do ung Día Iósa Nasárrgha ris an Spiorad Náomh agus lé cumhachdaibh: noch do chuáidh timcheall ag déunamh maitheasa, agus ag slánughadh gach a raibh fá leathtrom tré chumhachdaibh an diabhail; óir do bhí Día maille ris.

39 Agus atámaóidne dfíadhnuise ar na huile neithe do rinne sé a ttír Iúdaighe, agus a Niarusalém; noch do mharbhadar dhá chrochadh a gcroich:

40 Do thog Día é so súas an treas lá, agus dfoillsigh sé é;

41 Ní don phobál uile achd do na fíadhnuisibh do thogh Día roimh láimh, *eadhon* dúinne, noch do ith agus do ibh na fhochair tar éis a éiseirghe ó mharbhaibh.

42 Agus tug áithne dhúinne seanmóir a dhéunamh don phobal, agus fíadhnuise do déunamh gur ab eision do hórduigheadh ó Dhía na bhreitheamh ar bhéodhaibh agus ar mharbhaibh.

43 Do níd na fáidhe uile fíadhnuise dhó so, go bhfaghann gach áon chreideas ann maitheamhnus na bpeacadh tré na ainm.

before me in bright clothing,

31 And said, Cornelius, thy prayer is heard, and thine alms are had in remembrance in the sight of God.

32 Send therefore to Joppa, and call hither Simon, whose surname is Peter; he is lodged in the house of *one* Simon a tanner by the sea side: who, when he cometh, shall speak unto thee.

33 Immediately therefore I sent to thee; and thou hast well done that thou art come. Now therefore are we all here present before God, to hear all things that are commanded thee of God.

34 Then Peter opened *his* mouth, and said, Of a truth I perceive that God is no respecter of persons:

35 But in every nation he that feareth him, and worketh righteousness, is accepted with him.

36 The word which *God* sent unto the children of Israel, preaching peace by Jesus Christ: (he is Lord of all:)

37 That word, *I say*, ye know, which was published throughout all Judæa, and began from Galilee, after the baptism which John preached;

38 How God anointed Jesus of Nazareth with the Holy Ghost and with power: who went about doing good, and healing all that were oppressed of the devil; for God was with him.

39 And we are witnesses of all things which he did both in the land of the Jews, and in Jerusalem; whom they slew and hanged on a tree:

40 Him God raised up the third day, and shewed him openly;

41 Not to all the people, but unto witnesses chosen before of God, *even* to us, who did eat and drink with him after he rose from the dead.

42 And he commanded us to preach unto the people, and to testify that it is he which was ordained of God *to be* the Judge of quick and dead.

43 To him give all the prophets witness, that through his name whosoever believeth in him shall receive remission of sins.

44 Ar mbeith fós do Pheadar ag labhairt na mbríatharsa, do thuirrling an Spiorad Náomh ar gach áon da ccúalaidh an bhríathar.

44 While Peter yet spake these words, the Holy Ghost fell on all them which heard the word.

45 Agus na creidmhighe don timcheallghearradh tháinic ré Peadar, do ghabh uathbhás íad, do bhrígh gur dóirteadh fós ar na Cineadhachaibh tiodhlacadh an Spioraid Naóimh.

45 And they of the circumcision which believed were astonished, as many as came with Peter, because that on the Gentiles also was poured out the gift of the Holy Ghost.

46 Oír do chúaladar íadsan ag labhairt lé teangthaibh, agus ag adhmholadh Dé. Do fhreagair Peadar an tan sin,

46 For they heard them speak with tongues, and magnify God. Then answered Peter,

47 An féidir do neach ar bith uisge do thoirmeasg, do chum nach baisdfi íad só, noch do ghabh an Spiorad Náomh chomhmaith rinne?

47 Can any man forbid water, that these should not be baptized, which have received the Holy Ghost as well as we?

48 Agus do aithin sé dhíobh baisdeadh ghabhail chuca a nainm an Tighearna. Do íarradar airsion an tan sin fanmhuin *na bhfochair* láethe áirighe.

48 And he commanded them to be baptized in the name of the Lord. Then prayed they him to tarry certain days.

## Caibidil 11

*Peadar ag seasmhadh cúis na Ccineadhach, 28 do thairrgir Agabus ioma ghorta ré teachd.*

## Chapter 11

1 Agus do chúaladar na habsdail agus na dearbhraithreacha do bhí a ttir Iúdaighe, gur ghabhadar na Cineadhacha mar an gcéudna bríathar Dé chuca.

1 And the apostles and brethren that were in Judæa heard that the Gentiles had also received the word of God.

2 Agus ar ndul do Pheadar súas go Híarusalém, an drung do bhí don timcheallghearradh do bhádar ag connspóid ris,

2 And when Peter was come up to Jerusalem, they that were of the circumcision contended with him,

3 Ag rádh, Do chuáidh tú a sdeach gus an muinntir ar nách ráibh an timcheallghearradh, agus do chaith tú bíadh maráon ríu.

3 Saying, Thou wentest in to men uncircumcised, and didst eat with them.

4 Agus ar dtionnsgnamh do Pheadar, dfoillsigh sé *án tiomlán* a nordúghadh dhóibh, ag rádh,

4 But Peter rehearsed *the matter* from the beginning, and expounded *it* by order unto them, saying,

5 Do bhí mé a gcathair Ioppá ag déunamh úrnaighe: agus do chonnairc mé an táidhbhsesi a néull, Soitheach áirighe ag teachd a núas, amháil bhraitlin mhóir, do ligeadh a núas ó neamh ar a cheithre bheannaibh; agus táinic sé chugam:

5 I was in the city of Joppa praying: and in a trance I saw a vision, A certain vessel descend, as it had been a great sheet, let down from heaven by four corners; and it came even to me:

6 Ar bhféachain damh go géar air, tug mé dom aire, agus do chonnairc mé beathaidh cheathairchosach na talmhan, agus beathaidh allta, agus na *píasda*, shnámhus an *talamh*, agus éunlaith a naiéir.

6 Upon the which when I had fastened mine eyes, I considered, and saw fourfooted beasts of the earth, and wild beasts, and creeping things, and fowls of the air.

7 Agus do chúalaidh mé gúth ag rádh riom, Eiridh, a Pheadaír; marbh agus ith.

7 And I heard a voice saying unto me, Arise, Peter; slay and eat.

8 Achd a dubhairt misi, Ní headh, a Thighearna: óir ní dheachaidh éain ni coítchean nó neamhghlan am bhéul a steach ríamh.

9 Agus do fhreagair an gúth mé an dara huáir ó neamh, Na neithe do rinne Día glan, ná déunsa neamhghlan íad.

10 Agus do rinneadh so fo thrí: agus a rís do tógadh súas íad go huilidhe air neamh.

11 Agus, féuch, tangadar tríur fear an tan sin don tigh ann a raibh mé, do cuireadh ó Shéasáréa chugam.

12 Agus a dubhairt an Spiorad ríom dul ríu, gan amharus ar bíth do bheith oram. Agus tangadar na sé dearbhráithreachasa maráon riom, agus do chúamar a steach go tigh a nfir sin:

13 Agus do fhoillsigh sé dhúinn cionnus do chunnairc sé aingeal ann a thigh, na sheasamh agus ag rádh ris, Cuir fir go Ioppa, agus cuir fios ar Shiomón, dar ab comhainm Peadar;

14 Noch láibhéorus bríathra riot, ré a slaineóchar thú féin agus do thigh uile.

15 Agus an tan do thionnsgain mé labhairt, do thuirrling an Spiorad Náomh órtha súd, amhail mar do thuirrling sé óirine ar tús.

16 Do chúimhnigh misi an tan sin ar bhréithir an Tighearna, mar a dubhairt sé, Do bhaisd Eóin lé huisge; achd baisdfighthear sibhsi ris an Spiorad Náomh.

17 Uime sin má thug Día dhóibhsion an tiodhlacadh céudna thug sé dhúinne, an tan do chreideamar sa Ttighearna Iósa Críosd; cía hé misi, do fhéudfadh toirmeasg do chur ar Dhía?

18 Agus ar gclós na neitheannsa dhóibhsion, do thochdadar, agus tugadar glóir do Dhía, ag rádh, Uime sin thug Día aithrighe do na Cineadhachaibh fós chum beatha.

19 Tuilleadh eile an dream do bhí ar na sgaradh trés an mbuáidhirt do éiridh ar son Steapháin do shiubhladar go Phenícia, agus go Cíprus, agus go Hantíochía, gan an bhriathar do labhairt ré héinneach achd ris na Iúdaighibh amháin.

20 Agus do bhádar cuid dhíobh ó Chíprus agus ó Chiréne, noch ar ndul a steach dhóibh go Hantíochia, do labhair ris na Gréugachaibh, agus do shéanmóir an Tighearna Iósa.

21 Agus do bhí lámh an Tighearna maille ríu: agus do chreid úibhir mhór, agus dfilleadar chum an Tighearna.

22 Agus táinic na sgéulasa go clúasaibh na heagluise do bhí a Niarusalém: agus do chuireadar Barnabas úatha, go Hantíochia.

8 But I said, Not so, Lord: for nothing common or unclean hath at any time entered into my mouth.

9 But the voice answered me again from heaven, What God hath cleansed, *that* call not thou common.

10 And this was done three times: and all were drawn up again into heaven.

11 And, behold, immediately there were three men already come unto the house where I was, sent from Cæsarea unto me.

12 And the Spirit bade me go with them, nothing doubting. Moreover these six brethren accompanied me, and we entered into the man's house:

13 And he shewed us how he had seen an angel in his house, which stood and said unto him, Send men to Joppa, and call for Simon, whose surname is Peter;

14 Who shall tell thee words, whereby thou and all thy house shall be saved.

15 And as I began to speak, the Holy Ghost fell on them, as on us at the beginning.

16 Then remembered I the word of the Lord, how that he said, John indeed baptized with water; but ye shall be baptized with the Holy Ghost.

17 Forasmuch then as God gave them the like gift as *he did* unto us, who believed on the Lord Jesus Christ; what was I, that I could withstand God?

18 When they heard these things, they held their peace, and glorified God, saying, Then hath God also to the Gentiles granted repentance unto life.

19 Now they which were scattered abroad upon the persecution that arose about Stephen travelled as far as Phenice, and Cyprus, and Antioch, preaching the word to none but unto the Jews only.

20 And some of them were men of Cyprus and Cyrene, which, when they were come to Antioch, spake unto the Grecians, preaching the Lord Jesus.

21 And the hand of the Lord was with them: and a great number believed, and turned unto the Lord.

22 Then tidings of these things came unto the ears of the church which was in Jerusalem: and they sent forth Barnabas, that he should go as far as Antioch.

23 Agus ar dteachd dhó, agus ar bhfaicsin ghrása Dé, do ghabh gáirdeachus é, agus do theaguisg sé íad uile, fá anmhuin a bhfochair an Tighearna ré rún croidhe.

24 Oír do bhí sé na dhuine mhaith, agus lán don Spiorad Náomh agus do chreideamh: agus do chuireadh ris an Dtighearna buidhean mhór.

25 Do imthigh Barnabas an tan sin go Tarsus, díarraidh Sháuil:

26 Agus ar na fhaghail do, rug sé ris é go Hantíochia. Agus tárlá, go rabhadar ag gnáthughadh a cheil feadh blíadhna sa neagluís, agus gur teaguisgeadh léo iomad do dhaoinibh, ionnus gur ab a Nantíochia do goireadh ar tus Críosduighthe do na deiscioblaibh.

27 Agus ann sna láethibh sin tangadar fáidhe ó Iérusalém go Hantíochia.

28 Agus ar néirghe súas do neach aca dar bhainm Agabus, dfoillsigh sé trés an spiorad go mbíadh gorta mhór feadh na talmhan uile: noch thárla mar an gcéudna a láethibh Chláudius Séasar.

29 Ann sin do chuir gach áon do na deiscioblaibh roime, congnamh do chur do réir a acfuinne, chum na ndearbhráithreach dáitrigh a ttír Iúdaighe:

30 Agus do rinneadar sin, agus do chuireadar é chum na sinsear tré láimh Bharnabais, agus Sháuil.

## Caibidil 12

*Foiréigniughadh, 21 úabhar, 23 agus bás ghraineamhla Iorúaith, dar cómhainm Agrippa.*

1 Agus fá namsin do shín Ioruáidh an rígh lámha do dhéanamh uilc do dhruing áirighe don neagluis.

2 Agus do mharbh sé Séumus, dearbhráthair Eóin, lé cloidheamh.

3 Agus ar bhfaicsin dó gur thaitin sin ris na Iúdaighibh, do chuir sé roimhe Peadar do ghabháil mar an gcéudna. Achd do bhádar láethe a naráin gan laibhín ann.

4 Agus ar na ghabháil dó, do chuir sé a bpriosún *é*, ar na thabhairt dá choimhéud do cheithre choírighthibh do shaighdiúiribh; ar mbeith fonnmhar dhó ar a thabhairt amach chum an phóbail a ndiáigh ná Cásg.

5 Uime sin do coimhéudadh Peadar a bpriosún: agus do rinne a neagluis úrnaighe go dúthrachdach chum Dé ar a shon.

23 Who, when he came, and had seen the grace of God, was glad, and exhorted them all, that with purpose of heart they would cleave unto the Lord.

24 For he was a good man, and full of the Holy Ghost and of faith: and much people was added unto the Lord.

25 Then departed Barnabas to Tarsus, for to seek Saul:

26 And when he had found him, he brought him unto Antioch. And it came to pass, that a whole year they assembled themselves with the church, and taught much people. And the disciples were called Christians first in Antioch.

27 And in these days came prophets from Jerusalem unto Antioch.

28 And there stood up one of them named Agabus, and signified by the Spirit that there should be great dearth throughout all the world: which came to pass in the days of Claudius Cæsar.

29 Then the disciples, every man according to his ability, determined to send relief unto the brethren which dwelt in Judæa:

30 Which also they did, and sent it to the elders by the hands of Barnabas and Saul.

## Chapter 12

1 Now about that time Herod the king stretched forth *his* hands to vex certain of the church.

2 And he killed James the brother of John with the sword.

3 And because he saw it pleased the Jews, he proceeded further to take Peter also. (Then were the days of unleavened bread.)

4 And when he had apprehended him, he put *him* in prison, and delivered *him* to four quaternions of soldiers to keep him; intending after Easter to bring him forth to the people.

5 Peter therefore was kept in prison: but prayer was made without ceasing of the church unto God for him.

6 Agus ar mbeith Dioruáidh ar tí a thabhairt amach, sa noidhche sin féin do chodail Peadar eidir dhís saighdíuir, ar na cheangal ré dhá shlábhradh: agus do bhádar an luchd coimhéuda ag coimhéud an phriosúin ag an dorus.

6 And when Herod would have brought him forth, the same night Peter was sleeping between two soldiers, bound with two chains: and the keepers before the door kept the prison.

7 Agus féuch, do sheas aingeal an Tighearna a lathair, agus do dhealruidh solus sa tígh: agus ar mbúaladh Pheadar ann a tháobh, do thog sé súas é, ag rádh, Eirídh go lúath. Agus do thuiteadar na slabhraidhe dhá lámhaibh.

7 And, behold, the angel of the Lord came upon *him*, and a light shined in the prison: and he smote Peter on the side, and raised him up, saying, Arise up quickly. And his chains fell off from *his* hands.

8 Agus a dubhairt an taingeal ris, Cuir do chrios thort, agus ceangail ort do bhróga. Agus do rinne sé mar sin. Agus a dubhairt sé ris, Cuir do bhrat iomad, agus lean misi.

8 And the angel said unto him, Gird thyself, and bind on thy sandals. And so he did. And he saith unto him, Cast thy garment about thee, and follow me.

9 Agus ar nimtheachd amach do *Pheadar*, do lean sé é, agus ní raibh a fhios aige gur bhfíor a ní do rinneadh trés a naingeal; achd do shaóil sé gur taidhbhse do chunnairc sé.

9 And he went out, and followed him; and wist not that it was true which was done by the angel; but thought he saw a vision.

10 Agus a nimtheachd dóibh tré san gcéud *fhaire* agus tré san dara faire, tangadar chum an ghéata íarainn, thréoraighais chum na caithreach; noch do osgail dhóibh úadh féin: agus ar ndul amach dhóibh, do shiubhladar thríd áon sráid amháin; agus ar an mball do imthigh an taingeal úadh.

10 When they were past the first and the second ward, they came unto the iron gate that leadeth unto the city; which opened to them of his own accord: and they went out, and passed on through one street; and forthwith the angel departed from him.

11 Agus ar dteachd do Pheadar chuige féin, a dubhairt sé, A nois atá a fhios agum go dearbhtha, gur chuir an Tighearna a aingeal úadh, agus gur sháor sé mé ó laimh Iorúaidh, agus ó uile choimhéud an phobail Iúdaighe.

11 And when Peter was come to himself, he said, Now I know of a surety, that the Lord hath sent his angel, and hath delivered me out of the hand of Herod, and *from* all the expectation of the people of the Jews.

12 Agus ar mbreathnughadh *an neithese* dhó, tháinic sé go tigh Mhuire mathair Eóin, dar comhainm Marcus; áit a rabhadar mórán cruinn a bhfochair a chéile, agus ag déunamh úrnaighe.

12 And when he had considered *the thing*, he came to the house of Mary the mother of John, whose surname was Mark; where many were gathered together praying.

13 Agus ar mbúaladh dhorais an phóirse do Pheadar, tháinic cailín chuige dár bhainm Rhóda, déisdeachd *ris*.

13 And as Peter knocked at the door of the gate, a damsel came to hearken, named Rhoda.

14 Agus ar naithne ghotha Pheadair dhi, tré gháirdeachus níor osgail sí an dorus, achd ag rioth dhi a steach, dinnis sí go raibh Peadar na sheasamh sa phóirse.

14 And when she knew Peter's voice, she opened not the gate for gladness, but ran in, and told how Peter stood before the gate.

15 Achd a dubhradarsan ría, Atá tú ar míchéill. Gidheadh do bhí sisi ag dearbhughadh go raibh sé amhluidh. Achd a dubhradarsan, A sé a aingeal atá ann.

15 And they said unto her, Thou art mad. But she constantly affirmed that it was even so. Then said they, It is his angel.

16 Agus do lean Peadar dá bheith ag búaladh *an doraís*: agus ar nosgladh dhóibhsion, do chunncadar é, agus do ghabh úathbhás íad.

16 But Peter continued knocking: and when they had opened *the door*, and saw him, they were astonished.

17 Agus ar sméideadh a láimhe dhósan ortha, chum bheith na dtochd, dfoillsigh sé dhóibh cionnus tug an Tighearna amach é as an bpríosun. Agus a dubhairt sé, Innisigh na neitheise do Shéumus, agus do na

17 But he, beckoning unto them with the hand to hold their peace, declared unto them how the Lord had brought him out of the prison. And he said, Go shew these things unto James, and to the brethren. And he departed, and

dearbhráithreachaibh. Agus ar nimtheachd as sin dó, do chuáidh sé go háit eile.
18 Agus ar néirghe don lá, déiridh buáidhirt nar bheag a measg na saighdíuir, a dtimcheall créd thárla do Pheadar.
19 Agus ar ná íarraidh Dioruáidh, agus nách bhfuáir, ar cceasdughadh an luchd coimhéuda dhó, dáithin sé a mbreith amach chum pionúis. Agus ar ndul siós dó ó thír Iúdaighe go Séasáréa, do chomhnaigh sé *ann sinn*.
20 Do bhí Ioruáidh an tan sin ro dhíomghach do luchd Thíruis agus Shídoin: achd tangadarsan dáontoil chuige, agus, ar dtabhairt Bhlastuis *eadhon* séomradóir an rí ar a dtoil, díarradar síocháin; do bhrígh go raibh a ttír dhá cothughadh tré *thír* an rí.
21 Agus lá orduighe airighe ar mbeith Dioruáidh, ar na éudughadh a néudach ríogha, agus na shuídhe sa gcathaóir *bhreitheamhnais*, do rinne sé óraid dhóibh.
22 Agus do gháireadar an pobal, Gúth Dé *so*, agus ní *gúth* duine.
23 Agus a nuáirsin féin do bhuáil aingeal an Tighearna é, do bhrígh nach ttug sé glóir do Dhía: agus ar na ithe do phíasdaibh, do chuáidh a spiorad as.
24 Agus do fhás bríathar Dé agus do méudaigheadh í.
25 Agus do fhill Barnabas agus Saul ó Ierusalem, ar gcoimhlíonadh *a* miniosdralachda, ar mbreith fós Eóin ríu, dar comhainm Marcus.

went into another place.
18 Now as soon as it was day, there was no small stir among the soldiers, what was become of Peter.
19 And when Herod had sought for him, and found him not, he examined the keepers, and commanded that *they* should be put to death. And he went down from Judæa to Cæsarea, and *there* abode.
20 And Herod was highly displeased with them of Tyre and Sidon: but they came with one accord to him, and, having made Blastus the king's chamberlain their friend, desired peace; because their country was nourished by the king's *country*.
21 And upon a set day Herod, arrayed in royal apparel, sat upon his throne, and made an oration unto them.
22 And the people gave a shout, *saying, It is* the voice of a god, and not of a man.
23 And immediately the angel of the Lord smote him, because he gave not God the glory: and he was eaten of worms, and gave up the ghost.
24 But the word of God grew and multiplied.
25 And Barnabas and Saul returned from Jerusalem, when they had fulfilled *their* ministry, and took with them John, whose surname was Mark.

## Caibidil 13

*Pól agus Barnabas ar na ccur ar leith chum oibre an tsoisgeil, 8 agus Elimas an dráoi (ag cur na naghaidh) ar na dheanamh dall.*

1 Agus do bhadar a neagluis na Hantíochia faidhe áirighe agus luchd teaguisg; mar atá Barnabas agus Siméon da ngoirthí Niger, ugus Lúcius ó Chiréne, agus Manahen, comhalta Ioruáidh an tetrarcha, agus Saul.
2 Agus ar mbeith dhóibh ag minisdrálachd don Tighearna, agus deanamh trosga, a dubhairt an Spiorad Náomh, Cuiridh air leith dhamh Barnabas agus Sául fa chomhair na hoibre chum ar ghoir mé íad.
3 An sin ar ndéunamh troisge agus úrnaighe dhóibh, agus ar gcur lámh ortha, do léigeadar úatha *íad*.
4 Uime sin ar mbeith dhóibhsion ar na gcur amach ón Spiorad Náomh, do chúadar síos go Seléucia; agus as sin do shéoladar go Cíprus.

## Chapter 13

1 Now there were in the church that was at Antioch certain prophets and teachers; as Barnabas, and Simeon that was called Niger, and Lucius of Cyrene, and Manaen, which had been brought up with Herod the tetrarch, and Saul.
2 As they ministered to the Lord, and fasted, the Holy Ghost said, Separate me Barnabas and Saul for the work whereunto I have called them.
3 And when they had fasted and prayed, and laid *their* hands on them, they sent *them* away.
4 So they, being sent forth by the Holy Ghost, departed unto Seleucia; and from thence they sailed to Cyprus.

5 Agus ar dteachd dhóibh go Salamis, do
sheanmóraigheadar bríathar Dé a sinagógaibh
na Níudaighe: agus do bhí Eóin aca fós mar
óglach.
6 Agus ar ndul dóibh thríd a noiléun go
Páphus, fúaradar draói áirighe, faidh fallsa,
Iúdaighe, dár bhainm Baríesus:

7 Noch do bhí a bhfochair a núachdaráin,
Sergius Paulus, duine tuigsionach; Ar ngairm
Bharnabais agus Sháuil dhó so chuige, díarr sé
briathar Dé déisdeachd.
8 Achd do chuír Elimas an dráoi, (óir as mar
so eidirmhínighthear a ainm,) na naghaidh, ag
iarraidh a núachdaráin diompógh on
gcreideamh.
9 Achd ar mbeith do Shául, (da ngoirthear fós
Pól,) lán don Spiorad Náomh, ag féuchain air
go gér.
10 A dubhairt sé. *Afhir* lán do mheabhail agus
dolc, a mhic an díabhail, agus a namhuid na
huile fhiréntachda, an é nach sguirfe tú do
shlighthibh diorgha an Tighearna do chur
bunoscionn?
11 Agus anois, féuch, lámh an Tighearna ad
aghaidh, agus biaidh tú dall, gan amharc na
gréine agad feadh sealad. Agus ris sin féin do
thuit céo agus dorchadus air; agus do shir sé fa
gcuáirt dream éigin do threoróchadh ar láimh
é.
12 Ar bhfaicsin don uachdarán, an tan sin a ní
do rinneadh ann, do chreid sé, ag déanamh
iongantuis fá theagusg an Tighearna.
13 Agus ar nimtheachd do Phól agus don
druing do bhí na fhochair a luing ó Pháphus,
tangadar go Pérge na Pamphília: Agus ar
ndeulughadh Deóin ríu, dfill sé go
Hiarusalém.
14 Agus ar ndul dóibhsion ó Pheirge, tangadar
go Hantióchia na Pisídia, agus ar ndul a steach
dhóibh don tsinagóig lá na sabbóide, do
shuígheadar síos.
15 Agus tar éis léighthe an reachda agus na
bhfáigheadh do chuireadar uachdaráin na
sionagóige teachdaireachd chuca, ag rádh, A
fheara *agus* a dhearbhráithreacha, má atá
agaibh briathar ar bith lé a dteagaisgfí an
pobal, labhruidh *í*.
16 Ar neirghe súas do Phól an tan sin, agus ar
sméideadh dhó ré *na* láimh, a dubhairt sé, A
fheara Israélacha, agus sibhse ar a bhfuil eagla
Dé, éisdigh.
17 Do thogh Día an phobailse Israél ar
naithreacha, agus do árdaigh sé an pobal an

5 And when they were at Salamis, they
preached the word of God in the synagogues of
the Jews: and they had also John to *their*
minister.
6 And when they had gone through the isle
unto Paphos, they found a certain sorcerer, a
false prophet, a Jew, whose name *was* Bar-
jesus:
7 Which was with the deputy of the country,
Sergius Paulus, a prudent man; who called for
Barnabas and Saul, and desired to hear the
word of God.
8 But Elymas the sorcerer (for so is his name
by interpretation) withstood them, seeking to
turn away the deputy from the faith.

9 Then Saul, (who also *is called* Paul,) filled
with the Holy Ghost, set his eyes on him,

10 And said, O full of all subtilty and all
mischief, *thou* child of the devil, *thou* enemy of
all righteousness, wilt thou not cease to
pervert the right ways of the Lord?

11 And now, behold, the hand of the Lord *is*
upon thee, and thou shalt be blind, not seeing
the sun for a season. And immediately there
fell on him a mist and a darkness; and he went
about seeking some to lead him by the hand.

12 Then the deputy, when he saw what was
done, believed, being astonished at the
doctrine of the Lord.
13 Now when Paul and his company loosed
from Paphos, they came to Perga in
Pamphylia: and John departing from them
returned to Jerusalem.

14 But when they departed from Perga, they
came to Antioch in Pisidia, and went into the
synagogue on the sabbath day, and sat down.

15 And after the reading of the law and the
prophets the rulers of the synagogue sent unto
them, saying, *Ye* men *and* brethren, if ye have
any word of exhortation for the people, say on.

16 Then Paul stood up, and beckoning with *his*
hand said, Men of Israel, and ye that fear God,
give audience.

17 The God of this people of Israel chose our
fathers, and exalted the people when they
dwelt as strangers in the land of Egypt, and

tan do bhádar na gcomhnuighe sa Néigipt, dp
thréoraigh sé as sin amach íad ré laimh áird.
18 Agus a dtimcheall aimsire dhá fhichead
bliadhan do fhulaing sé a mbéasa sa bhfásach.
19 Agus ar sgrios dó na seachd gcineadhach a
dtír Chánaan, do roinn sé ré crannchar a
bhfearann dóibh.
20 Agus na dhíaigh sin, a dtimcheall dheich
mblíadhan agus dá fhichead agus cheithre
gcéud tug sé breitheumhain dóibh, go *dteachd*
Shamuel an fáidh.
21 Agus na dhíaigh sin díarradar rí, agus tug
Día Sául dóibh mac Chis, fear do threibh
Bheniamin, feadh dhá fhichead bliadhan.
22 Agus ar na áthrughadh súd dhó, do thóg sé
súas Dáibhí na rígh dhóibh; dá ndearnaidh sé
mar an gcédna fíadhnuise, ag rádh, Fuáir mé
Dáibhí *mac* Iesse, na dhuine do réir mo
chroidhe féin, noch do dhéunaigh mo thoil
uile.
23 As dá shíol so do thóg Día súas do réir na
geallamhna an Slánaightheóir, Iósa Diosrael:
24 Ar mbeíth Deóin roimh eísion do theachd
ag seanmórughadh bhaisdigh na haithrighe do
phobal Israél uile.
25 Agus ar gcóimhlíonadh a sheala Deóin, a
dubhairt sé, An té sháoilti, ní misi é. Achd,
féuch, tig neach am dhiáigh, ag nach fíu mé
íallach a bhróg do sgaóileadh.
26 A fheara *agus* a dhearbhraithreacha,
chlann fíne Abraham, agus an mhéid agaibh ar
a bhfuil eagla Dé, is chugaibhse do cuireadh
bríathar na sláintese.
27 Oír an dream do áitrigh a Níarusalém, agus
a núachdaráin, ar mbeith dhóibh gan éolus aca
airsean, na air bhríathruibh na bhfaigheadh
léughthar gacha sábbóid, air na
dhamnúghadhsan dóibh do choimhlíonadar
*íad*.
28 Agus bíodh nach bhfúaradar coir ar bith
bháis *air*, díarradar ar Phílaid a bhásughadh.
29 Agus ar gcriochnughadh na nuile neitheann
dóibh do bhí ar na sgriobhadh na
thimcheallsan, do leagadar a núas as an
gcroich, agus do chuireadar a dtúama *é*.
30 Achd do thóg Día súas ó mharbhaibh é:
31 Noch do taisbéunadh feadh mhóráin do
láethibh don druing do chuáidh a
náoinfheachd ris súas ón Ngalile go
Hiarusalém, agus ata na bhfíadhnuisibh dhó a
dtáobh an phobail.
32 Agus soisgéulamáoidne dhíbhse an
gealladh do rinneadh dona haithreachaibh,

with an high arm brought he them out of it.
18 And about the time of forty years suffered
he their manners in the wilderness.
19 And when he had destroyed seven nations
in the land of Chanaan, he divided their land
to them by lot.
20 And after that he gave *unto them* judges
about the space of four hundred and fifty
years, until Samuel the prophet.
21 And afterward they desired a king: and God
gave unto them Saul the son of Cis, a man of
the tribe of Benjamin, by the space of forty
years.
22 And when he had removed him, he raised
up unto them David to be their king; to whom
also he gave testimony, and said, I have found
David the *son* of Jesse, a man after mine own
heart, which shall fulfil all my will.
23 Of this man's seed hath God according to
*his* promise raised unto Israel a Saviour,
Jesus:
24 When John had first preached before his
coming the baptism of repentance to all the
people of Israel.
25 And as John fulfilled his course, he said,
Whom think ye that I am? I am not *he*. But,
behold, there cometh one after me, whose
shoes of *his* feet I am not worthy to loose.
26 Men *and* brethren, children of the stock of
Abraham, and whosoever among you feareth
God, to you is the word of this salvation sent.
27 For they that dwell at Jerusalem, and their
rulers, because they knew him not, nor yet the
voices of the prophets which are read every
sabbath day, they have fulfilled *them* in
condemning *him*.
28 And though they found no cause of death *in*
*him*, yet desired they Pilate that he should be
slain.
29 And when they had fulfilled all that was
written of him, they took *him* down from the
tree, and laid *him* in a sepulchre.
30 But God raised him from the dead:
31 And he was seen many days of them which
came up with him from Galilee to Jerusalem,
who are his witnesses unto the people.
32 And we declare unto you glad tidings, how
that the promise which was made unto the

33 Gur choimhlíon Día dhúinne a gclann *é*, at dtógbháil Iósa súas arís; mar atá sgríobhtha fós ann sa dara Salm, Is tusa mo Mhacsa, a niugh do ghein mé thú.

34 Agus do bhrígh gur thóg sé súas é ó mharbhaibh, agus nach bhfillfidh air ais chum trúaidhlighthe, a dubhairt sé mar so, Do bhéura mé dhíbh neithe náomhtha diongmhalta Dháibhí.

35 Uime sin a deir sé a nionad eile, Ní fhuiléongaidh tú do Neach Náomhtha féin dfaicsin trúaidhlighthe.

36 Oír go deimhin, ar ndéunamh seirbhíse do Dháibhi, ann a gheinealach féin tré chomhairle Dé, do chodail sé, agus do cuireadh a bhfochair a aithreadh é, agus do chunnairc sé truáilléadh.

37 Achd an té, do thóg Día súas, ní fhacaidh sé trúailleadh.

38 Ar a nadhbharsin bíodh a fhios agaibh a fhir *agus* a bhraithreacha, gur trés an bhfearso foillsighthear dhibh maithfeachus na bpeacadh:

39 Agus go bhfuil gach áon chreideas ar na sháoradh thrídsion ó na huile neithibh, dá nár bhféidir sibhse do sháoradh a reachd Mháoise.

40 Uime sin tabhraidh bhur naire ribh, nách dteigeumhadh dháoibh, a ní atá ar na rádh ris na fáidhibh;

41 Féuchaidh, a luchd na tarcaisne, agus bíodh iongantus oraibh, agus leathnuighidh mar cheó: óir oibrighim se obair ann bhur láethibh, obair nach ccreidfeadh sibh, dá bhfoillsúigheadh duine dhíbh é.

42 Agus ar nimtheachd amach as an tsionagóig do na Iúdaighibh, díarradar na Cineadhaigh dachuinge *orrtha* na briathrasa labhairt ríu féin an tsabbóid na dhiáighsin.

43 Agus ar sgáoileadh don choimhthionól, do leanadar mórán do na Iúdaighibh, agus do dháoinibh ríaghalta coigchríchthe tháinic chum creidmhe Pól agus Barnabas: noch do no, labhair ríu, agus do chomhairligh dhóibh fúireach a ngrasuibh Dé.

44 An céudlá sabboide na dhiáigh sin is beag nar chruinnigh an chathair uile a bhfochair a chéile deisdeachd bhréithre Dé.

45 Achd ar a bhfaicsin an phobail do na Iúdaighibh, do líonadh do thnúth íad, agus tangadar a naghaidh na neitheann do labhair pól, da gconntrarghadh agus ag labhairt ortha go masluightheach.

46 Achd ar ndéunamh dánachda do Phól, agus do Bharnabas, a dubhradar, Is ribhse ar tús

fathers,

33 God hath fulfilled the same unto us their children, in that he hath raised up Jesus again; as it is also written in the second psalm, Thou art my Son, this day have I begotten thee.

34 And as concerning that he raised him up from the dead, *now* no more to return to corruption, he said on this wise, I will give you the sure mercies of David.

35 Wherefore he saith also in another *psalm*, Thou shalt not suffer thine Holy One to see corruption.

36 For David, after he had served his own generation by the will of God, fell on sleep, and was laid unto his fathers, and saw corruption:

37 But he, whom God raised again, saw no corruption.

38 Be it known unto you therefore, men *and* brethren, that through this man is preached unto you the forgiveness of sins:

39 And by him all that believe are justified from all things, from which ye could not be justified by the law of Moses.

40 Beware therefore, lest that come upon you, which is spoken of in the prophets;

41 Behold, ye despisers, and wonder, and perish: for I work a work in your days, a work which ye shall in no wise believe, though a man declare it unto you.

42 And when the Jews were gone out of the synagogue, the Gentiles besought that these words might be preached to them the next sabbath.

43 Now when the congregation was broken up, many of the Jews and religious proselytes followed Paul and Barnabas: who, speaking to them, persuaded them to continue in the grace of God.

44 And the next sabbath day came almost the whole city together to hear the word of God.

45 But when the Jews saw the multitudes, they were filled with envy, and spake against those things which were spoken by Paul, contradicting and blaspheming.

46 Then Paul and Barnabas waxed bold, and said, It was necessary that the word of God

dob éigean bríathar Dé do labhairt: gidheadh ó churtháoi ar gcúl í, agus go mbeirthí do bhreith nach fíu sibh an bheatha mharthanach *dfagháil*, féuch, atámaidne ag filleadh chum na Gcineadhach.

should first have been spoken to you: but seeing ye put it from you, and judge yourselves unworthy of everlasting life, lo, we turn to the Gentiles.

47 Oír is mar sin do aithin an Tighearna dhínn, *ag rádh*, Do chuir mé thú mar sholas do na Cineadhachaibh, agus mar shlánughadh go leithimlibh na talmhan.

47 For so hath the Lord commanded us, *saying*, I have set thee to be a light of the Gentiles, that thou shouldest be for salvation unto the ends of the earth.

48 Agus ar gclós na neitheannsa do na Cineadhachaibh, do ghabh gáirdeachus íad, agus do ghlóraigheadar bríathar an Tighearna: agus do chreideadar an mhéid do bhí ar na nórdughadh chum na beatha marthanaighe.

48 And when the Gentiles heard this, they were glad, and glorified the word of the Lord: and as many as were ordained to eternal life believed.

49 Agus do leathnaigh bríathar an Tighearna air feadh na tíre uile.

49 And the word of the Lord was published throughout all the region.

50 Achd do bhrosduígheadar na Iúdaighe mná ríaghalta agus mácanta, agus uáisle na caithreach, agus do thógadar gérleanmhuin ar Phól agus ar Bharnabas, agus do chuireadar amach as a dtéorannaibh íad.

50 But the Jews stirred up the devout and honourable women, and the chief men of the city, and raised persecution against Paul and Barnabas, and expelled them out of their coasts.

51 Achd ar gcrathadh dhóibhsion luaithrigh a gcos na naghaidh, tangadar go Hicónium.

51 But they shook off the dust of their feet against them, and came unto Iconium.

52 Agus do líonadh na deisciobail do gháirdeachas, agus don Spiorad Náomh.

52 And the disciples were filled with joy, and with the Holy Ghost.

## Caibidil 14

## Chapter 14

*Na heasbuil ag deanamh maith ag Listra, 11 tugadar an-barr onóir dhoibh áon la, 19 agus ghabhadar do chlochaibh orra la eile.*

1 Agus tárla a Nicónium, go ndeachadar ar áon a náoinfheachd go sionagóig na Níudaigheadh, agus gur labhradar, ar ghléus gur chreideadar buidhean mhór do na Iúdaighibh agus fos do na Gréugachaibh.

1 And it came to pass in Iconium, that they went both together into the synagogue of the Jews, and so spake, that a great multitude both of the Jews and also of the Greeks believed.

2 Achd na Iúdaighthe díchreidmheacha, do bhrosdaigheadar agus do líonadar daingidheachd, inntinn na Gcineadhach a naghaidh na ndearbhraithreach.

2 But the unbelieving Jews stirred up the Gentiles, and made their minds evil affected against the brethren.

3 Uime sin dfanadar aimsear fhada ag labhairt go dána sa Tighearna, noch do rinne fíadhnuise do bhréithir a ghrás féin, agus tug fá deara comharthadha agus miorbhuileadha do dhéunamh tré na lámhaibhsión.

3 Long time therefore abode they speaking boldly in the Lord, which gave testimony unto the word of his grace, and granted signs and wonders to be done by their hands.

4 Agus tárla connspóid eidir luchd na caithreach: ionnus go raibh dream aca ris na Iúdaighibh, agus dream eile ris na habsdalaibh.

4 But the multitude of the city was divided: and part held with the Jews, and part with the apostles.

5 Agus ar dtosughadh bruighne do na Cineadhachaibh, agus do na Híudaighthibh maille ré na núachdaránaibh, chum *íadsan* do mhaslúghadh, agus gabháil do chlochaibh orrtha,

5 And when there was an assault made both of the Gentiles, and also of the Jews with their rulers, to use *them* despitefully, and to stone them,

6 Ar na thuigsin *só* dhóibhsion, do theitheadar go Lístra, agus Derbe, caithreacha na Licaónia, agus don regíon ar gach táobh:
7 Agus do bhádar ag seanmórughadh an tsoisgéil ann sin.
8 Fá a nám sin do bhí duine áirighe a Listra na shuidhe, ag nach raibh a chosa ar a chúmas, do bhí na mhairtíneach ó bhroinn a mháthar, *agus* nar shiúbhail a ríamh.
9 Do chualáidh sé so Pól ag labhairt: agus ar mbeith do *Phól* ag féuchain go gér air, agus ar mbreathnughadh dhó go raibh creidheamh aige chúm a shlánuighthe,
10 A dubhairt sé do ghúth mór, Seas súas go díreach ar do chosaibh. Agus do léím seision súas, agus do shiúbhail sé.
11 Agus ar bhfaicsin a neithe do rinne Pól don phóbal, do árdaigheadar a ngúth, ag rádh a dteangaidh na Licaónia, Tangadar dée a núas chugainn a gcosamhlachd dáoine.
12 Agus do ghoireadar Iupiter, do Bharnabas; agus Mercúrius, do Phól, do bhrígh gur bhfearr labhartha é.
13 Agus ar mbeith do shagurt Iupiter, as comhair a gcaithreach súd, ar dtabhairt tharbh agus atán ris chim na ngeatadh, bá mian leis íodhbairt do dhéunamh má ráon ris an bpóbal.
14 *Achd* ar na chlos *so* do na habsdalaibh, Barnabas agus Pól, ag réubadh a gcúlaidheach dhóibh, do ritheadar a sdeach a measg an phóbail, ag éighme,
15 Agus ag rádh, A dháoine, créud fá a ndéantáoi na neithese? Oir is dáoine sinne féin, cosmhail a bhfulangthaibh ribhse, ag soisgéulughadh dhíbh filleadh ó na neithibh diomháoineachsa chum Dé bhí, noch rínne neamh, agus talamh, agus a nfáirge, agus na huile neithe atá ionnta:
16 Noch do fhulaing sna haimsiribh do chuáidh thorainn, do na huile chineadhachaibh siubhal ann a slighthibh féin.
17 Bíodh nar fhág sé é féin gan fhíadhnuise, ag déunamh maitheasa, ag tabhairt fearthanna dhuinn ó neamh, agus seusúir thórthaigh, ag líonadh ar gcroidheadh do bhíadh agus do gháirdeachus.
18 Agus ar rádh na néitheannsa dhóibh, is ré héigean do chongbhadar an pobal, ó íodhbairt do dhéunamh dhóibh.
19 Gidheadh tangadar Iúdaighe chuca ó Antíochia agus ó Icóníum, noch do chomhairligh an pobal, agus ar ngabháil do chlochaibh ar Phól, do tharruing amach as an

6 They were ware of *it*, and fled unto Lystra and Derbe, cities of Lycaonia, and unto the region that lieth round about:
7 And there they preached the gospel.
8 And there sat a certain man at Lystra, impotent in his feet, being a cripple from his mother's womb, who never had walked:
9 The same heard Paul speak: who stedfastly beholding him, and perceiving that he had faith to be healed,
10 Said with a loud voice, Stand upright on thy feet. And he leaped and walked.
11 And when the people saw what Paul had done, they lifted up their voices, saying in the speech of Lycaonia, The gods are come down to us in the likeness of men.
12 And they called Barnabas, Jupiter; and Paul, Mercurius, because he was the chief speaker.
13 Then the priest of Jupiter, which was before their city, brought oxen and garlands unto the gates, and would have done sacrifice with the people.
14 *Which* when the apostles, Barnabas and Paul, heard *of*, they rent their clothes, and ran in among the people, crying out,
15 And saying, Sirs, why do ye these things? We also are men of like passions with you, and preach unto you that ye should turn from these vanities unto the living God, which made heaven, and earth, and the sea, and all things that are therein:
16 Who in times past suffered all nations to walk in their own ways.
17 Nevertheless he left not himself without witness, in that he did good, and gave us rain from heaven, and fruitful seasons, filling our hearts with food and gladness.
18 And with these sayings scarce restrained they the people, that they had not done sacrifice unto them.
19 And there came thither *certain* Jews from Antioch and Iconium, who persuaded the people, and, having stoned Paul, drew *him* out of the city, supposing he had been dead.

gcathruigh *é*, ar na sháoilsin dóibh go raibh sé marbh.

20 Achd, ar mbeith do na deisciobluibh na seasamh na thimcheall, do éirigh sé súas na sheasamh, agus do chuáidh sé a steach don chathraigh: agus ar na mhárach do imthigh sé as sin má ráon ré Barnabas go Derbe.

20 Howbeit, as the disciples stood round about him, he rose up, and came into the city: and the next day he departed with Barnabas to Derbe.

21 Agus ar seanmórughadh an tsoisgéil don chathraigh sin doíbh, agus ar dtarruing mhóráin do dheiscioblaibh chuca, dfilleadar go Listra, agus *go* Hicónium, agus go Hantíochia.

21 And when they had preached the gospel to that city, and had taught many, they returned again to Lystra, and *to* Iconium, and Antioch,

22 Ag neartughadh anmann na ndeisciobal, agá dteagusg fá anmhuin sa gcreideamh, agus gur tré iomad buáidheartha as éigean dúinn dul a steach go ríoghachd Dé.

22 Confirming the souls of the disciples, *and* exhorting them to continue in the faith, and that we must through much tribulation enter into the kingdom of God.

23 Agus ar nórdughadh sinnsear ann gach eagluis, agus ar ndéunamh úrnaighe dhóibh maille ré trosgadh, do chuireadar ar choimhéud an Tighearna, ionar chreideadar íad.

23 And when they had ordained them elders in every church, and had prayed with fasting, they commended them to the Lord, on whom they believed.

24 Agus ar ndul dhóibh thríd Phisídia, tangadar go Pamphília.

24 And after they had passed throughout Pisidia, they came to Pamphylia.

25 Agus ar labhairt na bhréithre dhoibh a Bperge, do chúadar síos go Hatália:

25 And when they had preached the word in Perga, they went down into Attalia:

26 Agus do shéoladar as sin go Hantíochía, a náit as ar cuireadh ar coimhéud ghrás Dé íad chum na hoibre do choimhlíonadar.

26 And thence sailed to Antioch, from whence they had been recommended to the grace of God for the work which they fulfilled.

27 Agus ar dteachd, agus ar gcruinniúghadh na heagluise a gceann a chéile dhóibh, do fhoillsigheadar méud na neitheann do rinne Día thríothadh, agus gur osgail sé doras an chreidimh do na Cineadhachaibh.

27 And when they were come, and had gathered the church together, they rehearsed all that God had done with them, and how he had opened the door of faith unto the Gentiles.

28 Agus do chomhnuigheadar aimsir fhada ann sin a bhfochair na ndeisciobail.

28 And there they abode long time with the disciples.

## Caibidil 15

*Priomh-chomhairle na neasbul ag Ierusalem, ioma ttimchillghearradh.*

## Chapter 15

1 Agus ar dteachd do dhruing áirighe a núas ó thír Iudaighe do theaguisgeadar na bráithre, *ag radh*, Muna dtimcheallghearrthar sibh do réir reachda Mháoisi, ní héidir bhur slánughadh.

1 And certain men which came down from Judæa taught the brethren, *and said*, Except ye be circumcised after the manner of Moses, ye cannot be saved.

2 Uime sin tair éis Pól agus Barnabas conspóid agus diosbóireachd nar bheag do dhéanamh na naghaidh, dorduigheadar Pól agus Barnabas, agus cuid eile dhíobhsab, do dhul súas go Híarusalem chum na nabsdal agus na sinnsear a dtimcheall na ceasda so.

2 When therefore Paul and Barnabas had no small dissension and disputation with them, they determined that Paul and Barnabas, and certain other of them, should go up to Jerusalem unto the apostles and elders about this question.

3 Agus ar na séoladh do neagluis, do ghabhadar tré Phenníce agus Shamária, ag innisin fhillte na Gcineadhach: agus do

3 And being brought on their way by the church, they passed through Phenice and Samaria, declaring the conversion of the Gentiles: and they caused great joy unto all the

chuireadar lúthgháir mhór ar ná bráithribh
uile.

brethren.

4 Agus ar dteachd go Hiarusalém dhóibh, do
ghabhadar a neagluis, agus na habsduil agus
na sinnsir chuca íad, agus dinniseadarsan
méud na nitheann do rinne Día thríothadh.

4 And when they were come to Jerusalem, they
were received of the church, and *of* the
apostles and elders, and they declared all
things that God had done with them.

5 Gidheadh déirghe dream áirighe deiriceachd
na Bphairsíneach do chreid, ag rádh, Go
ccaithfidh a ttimcheallghearradh, agus a chur
dfíachuibh *orrtha* dligheadh Mháoisi
choimhéud.

5 But there rose up certain of the sect of the
Pharisees which believed, saying, That it was
needful to circumcise them, and to command
*them* to keep the law of Moses.

6 Ar a nadhbharsin tangadar na habsduil agus
na seinnsir ar áonball dféuchuinn a dtimcheall
a neithse.

6 And the apostles and elders came together
for to consider of this matter.

7 Agus ar ndéunamh móráin diosbóireachda
dhóibh, déirigh Peadar súas, agus a dubhairt
sé ríu, A fheara *agus* a bhraithreacha, atá a
fhios aguibhsi gur thog Día eadruinne fada ó
shin, go gcluinfidis na Cineadhacha briathar
an tsoisgéil as mo bhéalsa, agus go gcreidfidís.

7 And when there had been much disputing,
18 Ann a bhfúaradar Iúdaighe áirighe don Asía mé ar mo ghlanadh sa teampoll, gan chonghair, gan bhuáidhreadh.
19 Noch dar chóir seasamh ann so ad fhiadhnuisisi *maille riumsa*, agus méiliughadh, dha mbeith ní ar bith aca ré a chur am aghaidh.
20 No abruid an mhuintírse féin, ma fuáradar éugcóir ar bith ionnam, an tan do sheas mé a bhfíadhnuisi na comhairle,
21 Achd amháin ar son a néanghotha so, do éimh mé an tráth do sheas me na lár, Gur ab fa eiseirghe na marbh atáim dom éiliughadh aguibhsi a niugh.
22 Agus mar do chúaluidh Félics na neithesi, dó chuir sé ar athlá íad, ag rádh, A núair do ghéubha mé fios na neitheadh bheanus ris a tslighese ní as fearr, an tan thiocfas Lísias an tuachdarán a núas, cuirfidh mé bhur gcúis a gcrích.
23 Agus do aithin sé don chaiptín Pól do chúmhdach, agus socamhal do thabhairt *dó*, agus gan a bhacadh déunduíne dá cháirdibh a fhriothólamh ná dhúl dá ionnsuighidh.
24 Agus a gcionn laetheadh áirighe, ar mbeith do Fhélics maille ré na mhnáoi Drusilla, noch

Forasmuch as I know that thou hast been of many years a judge unto this nation, I do the more cheerfully answer for myself:
11 Because that thou mayest understand, that there are yet but twelve days since I went up to Jerusalem for to worship.
12 And they neither found me in the temple disputing with any man, neither raising up the people, neither in the synagogues, nor in the city:
13 Neither can they prove the things whereof they now accuse me.
14 But this I confess unto thee, that after the way which they call heresy, so worship I the God of my fathers, believing all things which are written in the law and in the prophets:
15 And have hope toward God, which they themselves also allow, that there shall be a resurrection of the dead, both of the just and unjust.
16 And herein do I exercise myself, to have always a conscience void of offence toward God, and *toward* men.
17 Now after many years I came to bring alms to my nation, and offerings.
18 Whereupon certain Jews from Asia found me purified in the temple, neither with multitude, nor with tumult.
19 Who ought to have been here before thee, and object, if they had ought against me.
20 Or else let these same *here* say, if they have found any evil doing in me, while I stood before the council,
21 Except it be for this one voice, that I cried standing among them, Touching the resurrection of the dead I am called in question by you this day.
22 And when Felix heard these things, having more perfect knowledge of *that* way, he deferred them, and said, When Lysias the chief captain shall come down, I will know the uttermost of your matter.
23 And he commanded a centurion to keep Paul, and to let *him* have liberty, and that he should forbid none of his acquaintance to minister or come unto him.
24 And after certain days, when Felix came with his wife Drusilla, which was a Jewess, he

do bhí na Iúdaighe a lathair, do chuir sé fios ar Phól, agus do éisd sé ris a dtimcheall an chreidimh a Gcríosd.
25 Agus an tan do labhair sé *riu* a dtimcheall na fíréantachda, agus na measarrdhachda, agus an bhreitheamhnuis atá ag teachd, ar gcriothnughadh Dfélics, a dubhairt sé, Imthigh romhad a nois; agus a núair bhías úain agamsa air, cuirfidh mé fios ort.
26 Agus do bhí súil aige fós go dtiubhradh Pól airgead dó do chionn a sgáoilte: air a nadhbharsin ag cur feasa air go minic, do labhradh sé ris.
27 Agus ar gcoimhliónadh dhá bhlíadhan, táinic Porcius Festus a náit Fhélics: águs ar mbeith fonnmhar Dfelics air bhuídheachus na Níúdaigheadh do thuilleamhuin, dfag sé Pól ceanguilte.

## Caibidil 25

*Pol ag seasmhadh na fírinne go crodha, cúrata, a bhfíaghnais Fhestuis.*

1 Agus an tan tháinic Festus don phrobhinnsi, do chúaidh sé a gcionn thrí lá na dhíaigh sin ó Shéasareá súas go Hiarusalém.
2 Agus do chúaidh an tárdsagurt agus maithe na Niúdaigheadh dhá láthair a naghuidh Phóil, agus do chuireadar impidhe air,
3 Ag íarruidh foghuir a naghuidh Phóil, as go gcuirfeadh sé fios air go Híarusalém, ar gcur luigheacháin ar a tslighe fá chomhair a mharbhtha.
4 Achd do fhreaguir Festus, go raibh Pól air cúmhdach a Séasárea, agus go rachadh sé féin go háithghearr *ann sin.*
5 Uime sin, ar seisean, gidh bé aguibhsi fhéudfus é, teaghuid síad a náoinfheachd rinne síos, agus má tá olc ar bith ann sa bhfearso, éilighid siad é.
6 Agus ar nfanmhuin dó na measg tuáirim dheich lá, do chuáidh sé síos go Sésárea; agus lá ar na mhárach do shuidh sé ann sa chathaoir bhreitheamhnuis agus do áithin sé Pól do thabhuirt a láthuir.
7 Agus an tan tháinic sé, do sheasadar na Iúdaighe tháinic a núas ó Iarusalém na thimcheall, agus tugadar mórán déilighthibh tróma nár fheadadar a chruthúghadh, a naghaidh Phóil.
8 Ar bhfreagra do Phól dá ghlanadh féin, Nách dearna sé ní ar bith a naghaidh dhlighe na Niúdaigheadh, na an teampuill, na Shéasair.

sent for Paul, and heard him concerning the faith in Christ.
25 And as he reasoned of righteousness, temperance, and judgment to come, Felix trembled, and answered, Go thy way for this time; when I have a convenient season, I will call for thee.
26 He hoped also that money should have been given him of Paul, that he might loose him: wherefore he sent for him the oftener, and communed with him.
27 But after two years Porcius Festus came into Felix' room: and Felix, willing to shew the Jews a pleasure, left Paul bound.

## Chapter 25

1 Now when Festus was come into the province, after three days he ascended from Cæsarea to Jerusalem.
2 Then the high priest and the chief of the Jews informed him against Paul, and besought him,
3 And desired favour against him, that he would send for him to Jerusalem, laying wait in the way to kill him.
4 But Festus answered, that Paul should be kept at Cæsarea, and that he himself would depart shortly *thither*.
5 Let them therefore, said he, which among you are able, go down with *me*, and accuse this man, if there be any wickedness in him.
6 And when he had tarried among them more than ten days, he went down unto Cæsarea; and the next day sitting on the judgment seat commanded Paul to be brought.
7 And when he was come, the Jews which came down from Jerusalem stood round about, and laid many and grievous complaints against Paul, which they could not prove.
8 While he answered for himself, Neither against the law of the Jews, neither against the temple, nor yet against Cæsar, have I offended any thing at all.

9 Gidheadh air mbeith fonnmhar, air fhoghar do dhéanamh do na Iúdadhuibh, do fhreaguir Festus, do Phól, *agus* a dubhairt sé, A náill leachd dul súas go Hiarusalém, agus breitheamhnus dfulang ann sin a dtimcheall na neitheadhso am fhíadhnuisisi?

9 But Festus, willing to do the Jews a pleasure, answered Paul, and said, Wilt thou go up to Jerusalem, and there be judged of these things before me?

10 Achd a dubhairt Pól, Atáim am sheasamh ag catháoir bhreitheamhnuis Shéasair, ann ar chóir breath do bhreith orum: ní dhearna me eugcóir ar bith ar na Iúdaidhibh, mar as maith atá a fhíos agadsa féin.

10 Then said Paul, I stand at Cæsar's judgment seat, where I ought to be judged: to the Jews have I done no wrong, as thou very well knowest.

11 Oír má rinne mé éugcóir ar bith ná éainní do thuill bás, ní bhfuilim ag díultadh bás dfagháil: gidheadh muna ndearna mé áoinné do na neithibhsi éilighid síad oram, ní fhéudann áonduine mo thíodhlacadh dhóibh. Tíaghuim ar chomairce Shéasair.

11 For if I be an offender, or have committed any thing worthy of death, I refuse not to die: but if there be none of these things whereof these accuse me, no man may deliver me unto them. I appeal unto Cæsar.

12 Ann sin do labhuir Festus, ris an gcomhairle, *agus* do fhreaguirsé, A ndeachaidh tú ar comairce Shéasair? is dionnsuighe Shéasair rachus tú.

12 Then Festus, when he had conferred with the council, answered, Hast thou appealed unto Cæsar? unto Cæsar shalt thou go.

13 Agus ar gcaitheamh laéthe áirighe táinic an rí Agrippa agus Bernice go Séasárea do chur failte roimhe Fhestus.

13 And after certain days king Agrippa and Bernice came unto Cæsarea to salute Festus.

14 Agus ar nfanmhuin dóibh ann sin mórán do laethibh, do fhoillsigh Festus cuis Phóil don rí, ag rádh, Dfag Felics duine áirighe na phríosúnach:

14 And when they had been there many days, Festus declared Paul's cause unto the king, saying, There is a certain man left in bonds by Felix:

15 *Agus* an tan do bhí misi a Níarusalém, tangadar úachdaráin na sagart agus sinnsir na Niúdaigheadh chugam na thimcheall, agus do íarradar breith dhamanta na aghuidh.

15 About whom, when I was at Jerusalem, the chief priests and the elders of the Jews informed *me*, desiring *to have* judgment against him.

16 Ar a dtugasa an fhreagra so, Nár bhéus do na Rómhanchuibh duine ar bith do thabhairt dá mhilleadh, nó go dtigdís an luchd éilighthe a láthuir an tí éilighthear, agus go bhfaghadh sé ionad air é fein do ghlanadh ón gcoir do chuirfidh air.

16 To whom I answered, It is not the manner of the Romans to deliver any man to die, before that he which is accused have the accusers face to face, and have licence to answer for himself concerning the crime laid against him.

17 Ar a nadhbharsin, ar dteachd ann so dhóibh *a gceann a chéile*, ar ná mhárach gan cháirde ar bith do shuidh mé ann sa chathháoir bhreitheamhnuis, agus do aithin mé an fearsin do thabhuirt dom láthuir.

17 Therefore, when they were come hither, without any delay on the morrow I sat on the judgment seat, and commanded the man to be brought forth.

18 Agus do sheasadar luchd a éilighthe na fhochair, agus níor chuireadar cóir ar bith air do na neithibh do sháoil misi;

18 Against whom when the accusers stood up, they brought none accusation of such things as I supposed:

19 Achd do bhádar ceasda áirighe a dtimcheall a ngeasrogadh féin aca na aghuidh, agus a dtimcheall Iósa éigin, fuáir bás, noch a dubhairt Pól bheith béo.

19 But had certain questions against him of their own superstition, and of one Jesus, which was dead, whom Paul affirmed to be alive.

20 Agus do bhrígh go raibh misi amharnsach a leithid sin do cheisd, a dubhairt mé, Nar bháill leis dull go Hiárusalem, agus breitheamhnus thabhairt air ann fá na neithibhsi.

20 And because I doubted of such manner of questions, I asked *him* whether he would go to Jerusalem, and there be judged of these matters.

21 Agus an tan díarr Pól é féin do choimhéud nó go bhfuigheadh Augustus fios air, do aithin misi a chúmhdach nó go gcuirfinn chum Séasair é.
22 Agus a dubhairt Agrippa ré Festus, Bá mian riumsa fós mé féin éisdeachd ris an bhfear sin. Agus a dubhairt seisean, cluinfidh tú a márach é.
23 Uime sin ar na mhárach, táinic Agrippa, agus Bernice re poimp ro mhóir, agus do chúadar a steach maille rís na húachdaránuibh, agus ré maithibh na caithreacha, go teagh na cúirte, agus ar na áithne Dfestus tugadh Pól a láthuir.
24 Ann sin a dubhairt Festus, A rí Agrippa, agus a bhfuiltí do dháoinibh a láthair ann so, do chíthí an fearso agá dtangadar pobal na Niudaigheadh go huilidhe a Niárusalém, agus ann so, chugamsa na thimcheall, ag éighmhe nár chóir a bheith beó ni as faide.
25 Achd a núair do thuig misi nách dearna sé ní ar bith do thuill bás, agus go ndeachuidh sé féin ar comairce Augustus, do chuir mé romham a chur chuige.
26 *Agus* ní feas damh éainní áirighe do sgriobhthuinn chum mo thighearna na *thímcheall*. Ar a nadhbharsin tug mé bhur láthuirsi é, agus go mórmhór dod láthuirsi, a rí Agrippa, ionnus, ar na cheasdughadh, go mbeith agam ní do sgríobhthuinn:
27 Oír do chíthear dhamhsa gur neimhréasúnta príosúnach do chur uáim, agus gan na cúiseanna atá na aghaidh dfoillsiughadh.

21 But when Paul had appealed to be reserved unto the hearing of Augustus, I commanded him to be kept till I might send him to Cæsar.
22 Then Agrippa said unto Festus, I would also hear the man myself. To morrow, said he, thou shalt hear him.
23 And on the morrow, when Agrippa was come, and Bernice, with great pomp, and was entered into the place of hearing, with the chief captains, and principal men of the city, at Festus' commandment Paul was brought forth.
24 And Festus said, King Agrippa, and all men which are here present with us, ye see this man, about whom all the multitude of the Jews have dealt with me, both at Jerusalem, and *also* here, crying that he ought not to live any longer.
25 But when I found that he had committed nothing worthy of death, and that he himself hath appealed to Augustus, I have determined to send him.
26 Of whom I have no certain thing to write unto my lord. Wherefore I have brought him forth before you, and specially before thee, O king Agrippa, that, after examination had, I might have somewhat to write.
27 For it seemeth to me unreasonable to send a prisoner, and not withal to signify the crimes *laid* against him.

## Caibidil 26

*Pol ag labhairt a ttimcheall Chríosd go neartmhar a néisdeacht Agrippá. 30 Do mheasadar an eireachd neimhchiontach é.*

1 Agus a dubhairt Agrippa ré Pól, As ceadaigheach dhuit labhairt ar do shon féin. Ann sin ar síneadh a láimhe amach do Phól, do fhreagair sé dá *sháoradh* féin:
2 Measuim gur sona mé, a rí Agrippa, ó bheith a niúgh chum labhartha ar mo shon féin ad fhíadhnuisise sna huile neithibh ann a néilighid na Iúdaighe mé:
3 Go mórmhór *do bhrígh* gur *feasach dhamh*, thusa do bheith eólghach a nuile ghnáthaighibh agus cheasduibh na Niúdaigheadh: ar a nadhbharsin guidhim thú fá éisdeachd ríum go foighideach.
4 Is aithne do na Iúdaighibh uile, mo bheathasa ó móige, agus cionnus do bhí sí a

## Chapter 26

1 Then Agrippa said unto Paul, Thou art permitted to speak for thyself. Then Paul stretched forth the hand, and answered for himself:
2 I think myself happy, king Agrippa, because I shall answer for myself this day before thee touching all the things whereof I am accused of the Jews:
3 Especially *because I know* thee to be expert in all customs and questions which are among the Jews: wherefore I beseech thee to hear me patiently.
4 My manner of life from my youth, which was at the first among mine own nation at

measg mo chinidh féin a Niárusalém ó thosach;
5 Noch do aithin mé roimhe so, (dá madh áil ríu fíadhnuise do dhéunamh,) ar mbeith dhamh am Fhphairisineach ó mó *shinnsearaibh* do réir ríaghla a núird ro dhírighse aguinne.
6 Agus a nois seasuim ar mbeith dhamh dom éiliughadh tré dhóthchus na geallamhna do rinne Día dár naithribh:
7 Ré a bhfuil súil ag ar nda threibh dhéugne, ag déanamh seirbhíse *do Dhía* do ló agus dóidhche go gnáthach. Is do tháoibh an dóthchais sin, a rí Agrippa, eilighid na Iúdaighe misi.
8 Créd fá a measdar ribhse mar ní díchreidmheach, go ndúisigheann Día na mairbh?
9 Go deimhin do mheas misi ionnam féin, gur chóir dhamh mórán do neithibh contrarrdha do dhéanamh a naghaidh anma Iósa Nasárrdha.
10 Noch do rinne mé mar ann gcéudna a Níarusalém: óir do chuir mé iomad do na náomhuibh a bpriosúnaibh, ar bhfagháil cúmhachd dhamh ó úachdaránaibh na sagurt; agus an tan do básuigheadh íad, tug misi máonta.
11 Agus ag tabhairt pionúis dóibh go minic trés na huile shinagogaibh, do choimhéignigh mé *íad*, chum blasphéime labhairt; agus ar ndul damh tar mhodh ré buile na naghaidh, do rinne mé gérleanmhuin *orrtha* a gcaithreachaibh coigcríche.
12 Fá a namsin ar mbeith dhamh fós ag dul go Damascus lé cúmhachdaibh agus lé barántus na nárdsagurt,
13 Do chunairc mé a rí a meadhon láoi sa tslighe solus ó neamh, bá mó ná soillse na gréine, noch do dheallruidh um thimcheallsa agus a dtimcheall na druinge do bhí um fhochair sa tslighe.
14 Agus ar dtuitim dhúinn uile ar talamh, do chúalaidh mé gúth ag labhairt riom, agus ag rádh sa dteangaidh Eabhra, A Sháuil, a Sháuil, créd fa bhfuil tú ag gérleanmhuin orum? *is* cruidh dhuit beith ag gabháil dod shálaibh a naghaidh dhealg.
15 Agus a dubhairt misi, Cía thú féin, a Thighearna? Agus a dubhairt seision, Is misi Iósa ar a bhfuil tusa ag gérleanmhuin.
16 Achd éiridh súas, agus seas ar do chosaibh: óir is chuige so do fhoillsigh mé féin duit, do chum go nóirdeóchainn thú ad oglach agus ad fhiadhnuise, ní hé amháin ar na neithibh do

Jerusalem, know all the Jews;
5 Which knew me from the beginning, if they would testify, that after the most straitest sect of our religion I lived a Pharisee.
6 And now I stand and am judged for the hope of the promise made of God unto our fathers:
7 Unto which *promise* our twelve tribes, instantly serving *God* day and night, hope to come. For which hope's sake, king Agrippa, I am accused of the Jews.
8 Why should it be thought a thing incredible with you, that God should raise the dead?
9 I verily thought with myself, that I ought to do many things contrary to the name of Jesus of Nazareth.
10 Which thing I also did in Jerusalem: and many of the saints did I shut up in prison, having received authority from the chief priests; and when they were put to death, I gave my voice against *them*.
11 And I punished them oft in every synagogue, and compelled *them* to blaspheme; and being exceedingly mad against them, I persecuted *them* even unto strange cities.
12 Whereupon as I went to Damascus with authority and commission from the chief priests,
13 At midday, O king, I saw in the way a light from heaven, above the brightness of the sun, shining round about me and them which journeyed with me.
14 And when we were all fallen to the earth, I heard a voice speaking unto me, and saying in the Hebrew tongue, Saul, Saul, why persecutest thou me? *it is* hard for thee to kick against the pricks.
15 And I said, Who art thou, Lord? And he said, I am Jesus whom thou persecutest.
16 But rise, and stand upon thy feet: for I have appeared unto thee for this purpose, to make thee a minister and a witness both of these things which thou hast seen, and of those

chunnairc tú, achd mar an gcéudna ar na neithibh ann a bhfoillseóchar dhuit mé;
17 Dod sháoradh on bpobal, agus ó na Cineadhachaibh, chum a bhfuilim anois dod chur,
18 Chum a súl dosgladh, *agus* chum a bhfillte ó dhorchadus chum an tsolais, agus *ó* chúmhachdaibh Shatáin chum Dé, chum maithfeachais na bpeacadh dfágháil dóibh, agus oidhreachda a measg na muinntire atá ar na náomhadh tré chreideamh ionnamsa.
19 Uime sin, a rí Agrippa, ní raibh mé easumhal don táidhbhse neamhdha:
20 Achd do fhógair mé do luchd Dhamascus ar tús, agus a Niarusalem, agus ar feadh région thíre Iúdaighe go huilidhe, agus do na Cineadhachaibh, aithreachus do dhéanamh agus filleadh chum Dé, ag déunamh oibreacha iomchúbhaidh don aithrighe.
21 Ar son na nadhbharsa do rugadar na Iudaighe sa teampall oram, agus do chuireadar rompa mo mharbhadh.
22 Gidheadh tug Día cobháir dhamh, agus do sheas mé gus a niu, ag déunamh fíadhnuise don mbeag agus don mor, gán éainní a rádh dhamh achd na neithe a dubhradar na fáidhe agus Maóisi do bheith chum teachda:
23 Go bhfuiléongadh Críosd, *agus* go madh hé céidneach do éiréochadh ó mharbhaibh é, agus go bhfoillséochadh sé solus don phobalsa, agus do na Cineadhachaibh.
24 Agus ar mbeith dhó ag rádh na neitheadhsa ar a shon féin, a dubhairt Festus do ghúth mhór, Atá tú ar buile, a Phóil; cuiridh iomad foghlomatha ré cúthach thú.
25 A dubhairt Pól an tan sin; A Fhéstuis ro oidheirc, ní bhfuilimse ar buile; achd labhruim bríathra na fírinne go céillighe.
26 Oír atá fios na neitheannsa ag an rí, agá labhraimse go dána na lathair: óir ní shaóilim go bhfuil ainbhfios éainneithe dhíobh so air; oír ní a gclúid do rinneadh so.
27 A rí Agrippa, an gcreideann tú na fáidhe? Atá a fhios agam go gcreidir.
28 A dubhairt Agrippa an tan sin ré Pól, Is beag nách ttairrngeann tú mé chum bheith am Chríosduighe.
29 Agus a dubhairt Pól, Do bfearr leam go bhfaghuinn dathchuinge ó Dhía, ní hé amháin thusa, achd mar an gcéudna an mhéid éisdeas riom aniu, bheith go híomlán, cosmhail ríom féin, achd na geimhleachasa amháin.
30 Agus ar na rádh so dhó, do éiridh an rí súas, agus an túachdarán, agus Bernice, agus an dream do shuidh na bhfochair:

things in the which I will appear unto thee;
17 Delivering thee from the people, and *from* the Gentiles, unto whom now I send thee,
18 To open their eyes, *and* to turn *them* from darkness to light, and *from* the power of Satan unto God, that they may receive forgiveness of sins, and inheritance among them which are sanctified by faith that is in me.
19 Whereupon, O king Agrippa, I was not disobedient unto the heavenly vision:
20 But shewed first unto them of Damascus, and at Jerusalem, and throughout all the coasts of Judæa, and *then* to the Gentiles, that they should repent and turn to God, and do works meet for repentance.
21 For these causes the Jews caught me in the temple, and went about to kill *me*.
22 Having therefore obtained help of God, I continue unto this day, witnessing both to small and great, saying none other things than those which the prophets and Moses did say should come:
23 That Christ should suffer, *and* that he should be the first that should rise from the dead, and should shew light unto the people, and to the Gentiles.
24 And as he thus spake for himself, Festus said with a loud voice, Paul, thou art beside thyself; much learning doth make thee mad.
25 But he said, I am not mad, most noble Festus; but speak forth the words of truth and soberness.
26 For the king knoweth of these things, before whom also I speak freely: for I am persuaded that none of these things are hidden from him; for this thing was not done in a corner.
27 King Agrippa, believest thou the prophets? I know that thou believest.
28 Then Agrippa said unto Paul, Almost thou persuadest me to be a Christian.
29 And Paul said, I would to God, that not only thou, but also all that hear me this day, were both almost, and altogether such as I am, except these bonds.
30 And when he had thus spoken, the king rose up, and the governor, and Bernice, and they that sat with them:

31 Agus ar ndul do leathtaóibh dhóibh, do labhradar ré a chéile, ag rádh, Ní dhéunann an fearso éin ni thuilleas bás nó cuibhrighthe.
32 Agus a dubhairt Agrippa ré Festus, Do béidir an fearso do léigean fá réir, muna bheith go ndeachaidh sé ar chómairce Shéasair.

31 And when they were gone aside, they talked between themselves, saying, This man doeth nothing worthy of death or of bonds.
32 Then said Agrippa unto Festus, This man might have been set at liberty, if he had not appealed unto Cæsar.

## Caibidil 27

*Luingséorachd Phóil, 41 agus an luingbhriste, 44 achd tárrfuid na daóine fa thír slán.*

1 Agus ar ttabhairt breatha dhóibh go seolfamaóis gus an Neadáill, tugadar Pol agus bráighde áirighe eile, do chaiptin bhanna Agustus, dár bhainm Iúlius.
2 Agus ar ndul dúinn a luing *do longaibh* Adramitium, do chuireamar romhuinn, séoladh ré táobh chósdadh na Hásia; *agus* do thógbhamar ar séolta, agus do bhí Aristarcus Macedónach ó Thessalonica, ann ar gcuideachda.
3 Agus an *lá* na dhiáigh sin tangamar go Sídon. Agus ar mbeith go muinntearrdha ré Pól do Iúlius, dfulaing sé dhó dhul dfios a charad chum comhfurtachda dfaghail úathadh.
4 Agus ar nimtheachd dhúinn as sin, do shéolamar ré taóibh Chípruis, do bhrígh go raibh an gháoth contrarrdha dhúinn.
5 Agus ar séoladh dhúinn trés an bhfairrge láimh ré Cilícia agus ré Pamphília, tangamar go Míra, *cathair a* Lícia.
6 Agus ar bhfagháil luinge don chaiptin ó Alecsandria ann sin do bhí ag triall do Neadáill; do chuir sé sinne innte.
7 Agus ar mbeith dhúinn morán do laethibh ag séoladh go mall, agus ar dteachd dúinn ar éigin as comhair Chníduis, do bhrígh nar leig an gháoth dhúinn, do shéolamar a ngar do Chréta, láimh ré Salmóne;
8 Agus, ar *séoladh* thairis dúinn ar éigin, tangamar go hionad *áirighe* dá ngoirthear Na cúanta bréagha; dar bhfogus cathair Laséa.
9 Agus ar gcaitheamh mhórain aimsire dhúinn, agus ar mbeith dhár luingséorachd cheana gúasachdach, do bhrígh an troisgidh do dhul cheana thorainn, do bhí Pól *dá* ccomhairliúghadh,
10 Ag rádh ríu, A dhaóine, do chím go mbiáidh bhur luingséorachd maille ré dóchar agus ré dul amúgha mór, ní hé amháin na iadála agus na luinge, achd ar nanmann féin mar an gcéudna.
11 Gidheadh is mó do chreid an caiptin an túachdarán agus maighisdir na luinge, ná na neithe a dubhairt Pól.

## Chapter 27

1 And when it was determined that we should sail into Italy, they delivered Paul and certain other prisoners unto *one* named Julius, a centurion of Augustus' band.
2 And entering into a ship of Adramyttium, we launched, meaning to sail by the coasts of Asia; *one* Aristarchus, a Macedonian of Thessalonica, being with us.
3 And the next *day* we touched at Sidon. And Julius courteously entreated Paul, and gave *him* liberty to go unto his friends to refresh himself.
4 And when we had launched from thence, we sailed under Cyprus, because the winds were contrary.
5 And when we had sailed over the sea of Cilicia and Pamphylia, we came to Myra, *a city* of Lycia.
6 And there the centurion found a ship of Alexandria sailing into Italy; and he put us therein.
7 And when we had sailed slowly many days, and scarce were come over against Cnidus, the wind not suffering us, we sailed under Crete, over against Salmone;
8 And, hardly passing it, came unto a place which is called The fair havens; nigh whereunto was the city *of* Lasea.
9 Now when much time was spent, and when sailing was now dangerous, because the fast was now already past, Paul admonished *them*,
10 And said unto them, Sirs, I perceive that this voyage will be with hurt and much damage, not only of the lading and ship, but also of our lives.
11 Nevertheless the centurion believed the master and the owner of the ship, more than those things which were spoken by Paul.

12 Agus ar mbéith don chúan
neamhgharamhail aca re hanmhuin ann sa
gheimhreadh, do rinnidh a normhór do
chomhairle sgaóileadh as, dféuchain an
bhféudfaidis air éanchor teachd go Phenice,
chum an gheimhridh do chaitheamh ann;
cúan *do chúantuibh* Chrétá, atá ar na
shuidhuighadh a níardndeas agus a
níardtuáidh.
13 Agus ar séideadh go cíuin don gháoith a
ndeas, ar na sháoilsin dóibhsean go
néiréochadh a dturas ríu, ar dtógbháil a
séoltadh dhóibh, do shéoladar ní sa ghoire do
Chréta.
14 Achd go haithghearr na dhiáigh sin do shéid
gáoth sdoirmeamhail, do bhí na gáoith a
noirdthuáidh ar a noiléun.
15 Agus ar mbeith don luing dá fúadach, agus
gan neart aice cur a naghaidh na gáoithe, ar na
léigean *ris an ngáoith* do shéoil *sí* roimhe.
16 Agus ar ndul a sdeach go dían dúinn fá
oileun bheag áirighe dar ab ainm Clauda, is ar
éigin rugamar ar an mbád:
17 Noch do thógbhadar súas, *agus* do
fhéuchadar gach uile ghléus cabhartha, ag
creasughadh na luinge fáoithe; deagla go
mbuáilfedís a ngaineamh béo, agus ar léigean
a séolta síos dóibh, do hiomchradh íad mar
sin.
18 Agus ar mbeith dhúinn an *lá* na dhiaigh sin,
dár dteilgean ó thoinn go toinn rés dóirm ro
mhóir, do theilgeadar *a nearruidhe* amach;
19 Agus an treas *lá* do theilgeamar amach lé ar
lámhuibh oirnéis na luinge féin.
20 Agus ar mbeith don ghréin agus do na
réultaibh gan soillsiughadh dhúinn móráin do
láethibh, agus ar luighe do sdóirim nár bheag
orainn, rugadh uáinn gach uile dhóthchas
cabhartha dá raibh aguinn ó sin amach.
21 Agus ar mbeith dhúinn a bhfad gan bíádh,
do sheas Pól iona meadhon, agus a dubhairt
sé, A fheara, do bhfearr dháoibh aire do
thabhairt dhamhsa, agus gan sgáoileadh ó
Chrétá, ionnus go seachónadh sibh an
docharsa agus an dioghbháil.
22 Agus a nois guidhim sibh fá mheisnigh
mhaith do bheith agaibh, óir ní chaillfidh
*éunduine* agaibh a anum, achd an lúng
amháin.
23 Oír do sheas aingeal Dé lér ab rís misi, agus
dá ndéunuim serbhís, sa noidhche a nochd
láimh rium,
24 Ag rádh, Na bíodh eagla ort, a Phóil; is
éigean duit seasamh a lathair Shéasair: agus,

12 And because the haven was not
commodious to winter in, the more part
advised to depart thence also, if by any means
they might attain to Phenice, *and there* to
winter; *which is* an haven of Crete, and lieth
toward the south west and north west.
13 And when the south wind blew softly,
supposing that they had obtained *their*
purpose, loosing *thence*, they sailed close by
Crete.
14 But not long after there arose against it a
tempestuous wind, called Euroclydon.
15 And when the ship was caught, and could
not bear up into the wind, we let *her* drive.
16 And running under a certain island which is
called Clauda, we had much work to come by
the boat:
17 Which when they had taken up, they used
helps, undergirding the ship; and, fearing lest
they should fall into the quicksands, strake
sail, and so were driven.
18 And we being exceedingly tossed with a
tempest, the next *day* they lightened the ship;
19 And the third *day* we cast out with our own
hands the tackling of the ship.
20 And when neither sun nor stars in many
days appeared, and no small tempest lay on *us*,
all hope that we should be saved was then
taken away.
21 But after long abstinence Paul stood forth
in the midst of them, and said, Sirs, ye should
have hearkened unto me, and not have loosed
from Crete, and to have gained this harm and
loss.
22 And now I exhort you to be of good cheer:
for there shall be no loss of *any man's* life
among you, but of the ship.
23 For there stood by me this night the angel
of God, whose I am, and whom I serve,
24 Saying, Fear not, Paul; thou must be
brought before Cæsar: and, lo, God hath given
thee all them that sail with thee.

féuch, do thiodhlaic Día dhuit an mhéid shéolus maille riot.

25 Uime sin, a fheara, bíodh meisneach mhaith agaibh: óir creidimse Día, gurab amhluidh bhías sé mar a dubhradh leam.

25 Wherefore, sirs, be of good cheer: for I believe God, that it shall be even as it was told me.

26 Thairis sin, is éigeann dúinn búaladh fá oiléun áirighe.

26 Howbeit we must be cast upon a certain island.

27 Agus ar dteachd don cheathramhadh oidhche déug, ar mbeith dhúinn dar dteilgean ó thoinn go toinn ag Adriá, a dtimcheall mheadhóin oidhche do sháoileadar na mairnéulaidh go rabhadar bhfogus do thír éigin;

27 But when the fourteenth night was come, as we were driven up and down in Adria, about midnight the shipmen deemed that they drew near to some country;

28 Agus ar léigean an luáidhe sios dóibh, fúaradar *é* na fhichíd fead *ar dhoimhne*: agus ar ndul as sin beagán dóibh, ar léigean an luáidhe síos arís dóibh, fúaradar *é* na chúig fheadaibhdéug.

28 And sounded, and found *it* twenty fathoms: and when they had gone a little further, they sounded again, and found *it* fifteen fathoms.

29 Agus ar mbeith dhóibh eaglach fá bhúaladh fá ionadaibh garbha, ar dteilgean ceithre nancaireah ó dheireadh na luinge dhóibh, do bfearr léo go mbíadh an lá ann.

29 Then fearing lest we should have fallen upon rocks, they cast four anchors out of the stern, and wished for the day.

30 Agus ar mbeith do na mairnéulachaibh ar tí teitheamh as an luing, agus ar léigéan an bháid síos dóibh sa bhfairrge, mar do bhedís ar tí ancaireadh do shíneadh amach ó thosach na luinge,

30 And as the shipmen were about to flee out of the ship, when they had let down the boat into the sea, under colour as though they would have cast anchors out of the foreship,

31 A dubhairt Pól ris an gcaiptin agus ris na saighdiuiribh, Muna bhfanaid so sa luing, ní héidir síbhse shábháil.

31 Paul said to the centurion and to the soldiers, Except these abide in the ship, ye cannot be saved.

32 Do ghearradar na saighdiúiri an sin téuda an bháid, agus do léigeadar dhó tuitim amach.

32 Then the soldiers cut off the ropes of the boat, and let her fall off.

33 Agus an feadh do bhí an lá ag éirghe, tug Pól do chomhairle *dhóibh* uile bíadh do chaitheamh, ag rádh, A sé so an ceathramhadh lá déug dhíbh ag fuireach bhar dtrosgadh, gan bhíadh ar bíth do chaitheamh.

33 And while the day was coming on, Paul besought *them* all to take meat, saying, This day is the fourteenth day that ye have tarried and continued fasting, having taken nothing.

34 Uime sin guidhim sibh fá bhíadh chaitheamh: óir is ní bheanus ré bhur slainte é: óir ní rachaidh ruáinne cinn éunduine aguibh a múgha.

34 Wherefore I pray you to take *some* meat: for this is for your health: for there shall not an hair fall from the head of any of you.

35 Agus ar rádh na neitheadh so dhó, agus ar nglacadh aráin, rug sé buidheachas ré Día na bhfíadhnuise uile: agus ar mbriseadh *a naráin* dó, do thionnsgain sé a ithe.

35 And when he had thus spoken, he took bread, and gave thanks to God in presence of them all: and when he had broken *it*, he began to eat.

36 Ann sin ar ngabháil meisnighe chuca do cách uile, do chaitheadar bíadh mar an gcéudna.

36 Then were they all of good cheer, and they also took *some* meat.

37 Agus a sé uibhir dháoine do bhámair sa luing dha chéd sé fir dhéug agus trí fichid.

37 And we were in all in the ship two hundred threescore and sixteen souls.

38 Agus tar éis a saith bídh do chaitheamh dhóibh, do éudromuigheadar an lung, ar dteilgean na croithneachda amach fán bhfairge.

38 And when they had eaten enough, they lightened the ship, and cast out the wheat into the sea.

39 Agus ar néirghe don ló, ní raibh fios na tíre sin aca: achd tugadar caladh áirighe dha naire ann a raibh tráigh, ann ar áontuigheadar, an lung do shathadh, dá madh éidir ríu.
40 Agus ar dtógbháil na nancaireadh dhóibh, do léigeadar *an lung* fán bhfairge, agus ar sgáoileadh cheangluightheadh na sdiúire dhóibh, mar an gcéudna, do thógbhadar an príomhsheól ris an ngáoith, agus do thríalladar chum na trágha.
41 Agus ar dteagmháil a nionad dhóibh ionar bhuáil dá fháirrge fá chéile, do bhuáileadar an lung fá thalamh; agus ar ndaingniughadh do thosach na luinge, dfan sí gan chorrughadh, agus do sgaoileadh a deireadh ó chéile ré haimhneart na dtonn.
42 Ann sin do rinneadar na saighdiúiri do chomhairle na braighde do mharbhadh, deagla go mbéuradh a shnámh éunduine aca as:
43 Achd ar mbeith don chaiptín, fonnmhar ar Phól do shabháil, do thoirmisg sé iad ón gcomhairlesi; agus do aithin sé don luchd do fhéud snámh *íad féin* do théilgean amach ar tús, agus dul a dtir:
44 Agus do chách eile, cuid díobh aír chláraibh, agus cuid eile ar chotannaibh *brisde áirighe* don luing. Agus tárrla mar sin go ndeachadar uile slán fá thír.

39 And when it was day, they knew not the land: but they discovered a certain creek with a shore, into the which they were minded, if it were possible, to thrust in the ship.
40 And when they had taken up the anchors, they committed *themselves* unto the sea, and loosed the rudder bands, and hoised up the mainsail to the wind, and made toward shore.
41 And falling into a place where two seas met, they ran the ship aground; and the forepart stuck fast, and remained unmoveable, but the hinder part was broken with the violence of the waves.
42 And the soldiers' counsel was to kill the prisoners, lest any of them should swim out, and escape.
43 But the centurion, willing to save Paul, kept them from *their* purpose; and commanded that they which could swim should cast *themselves* first *into the sea*, and get to land:
44 And the rest, some on boards, and some on *broken pieces* of the ship. And so it came to pass, that they escaped all safe to land.

## Caibidil 28

*Pól ag slánughadh na neaslán ar a tslighe, 14 rainic an Roimh, 30 agus theagaisc ann sin dhá beliadhan.*

1 Agus ar dteachd dóibh slán, dó aithneadar ann sin gur Melita do bainm don oilén.
2 Agus níor bheag an dáonnachd do rínneadar na dáoine barbartha oruinn: oír ar bhfadógh teineadh dhoibh, do ghabhadar sinn uile chuca, ar son an cheatha do bhi ag teachd, agus air son an fhúachda.
3 Agus ar gcruinniughadh mhoráin spriosan do Phól, agus ar *na* gcur dhó ar an dteine, táinic aithir nimhe amach as an teas, agus do léim sé ar a láimh.
4 Agus ar bhfaicsin na péisde croichde as a laimh do na dáoinibh barbartha, a dubhradar ría chéile, Go deimhin is fear dúnmharbhtha é, dá nach bhfuilngeann dioghaltus *Dé* a bheith beó, giodh tháinic sé slán ón bhfairge.
5 Achd ar gcrothadh na péisde dhósan sa teini, níor airidh sé dochar ar bith.
6 Gidheadh do bhí súil acasan ré hát dó, nó ré na thuitim síos marbh go hobann: achd ar

## Chapter 28

1 And when they were escaped, then they knew that the island was called Melita.
2 And the barbarous people shewed us no little kindness: for they kindled a fire, and received us every one, because of the present rain, and because of the cold.
3 And when Paul had gathered a bundle of sticks, and laid *them* on the fire, there came a viper out of the heat, and fastened on his hand.
4 And when the barbarians saw the *venomous* beast hang on his hand, they said among themselves, No doubt this man is a murderer, whom, though he hath escaped the sea, yet vengeance suffereth not to live.
5 And he shook off the beast into the fire, and felt no harm.
6 Howbeit they looked when he should have swollen, or fallen down dead suddenly: but

mbéith dhóibh a bhfád ag fuireadh, agus nach bhfacadar dochar ar bith ag teagmháil dó, ar nathrughadh inntinne, a dubhradar gur día é.

after they had looked a great while, and saw no harm come to him, they changed their minds, and said that he was a god.

7 Agus a dtimcheall na háitesin do bhí fearann ag ceannphort a noíléin, dar bhainm Publius; noch do ghabh sinne chuige, agus tug áoidheachd dhúinn ar feadh thrí lá go rocháirdeamhail.

7 In the same quarters were possessions of the chief man of the island, whose name was Publius; who received us, and lodged us three days courteously.

8 Agus tárlá, go raibh athair Phuibliuis na luighe ré fíabhrus agus ré flucsa fola: agá ndeachaigh Pól dá ionnsuighe, agus ar ndéanamh urnaighe, ar gcur a lámh air, do shlánuighe sé é.

8 And it came to pass, that the father of Publius lay sick of a fever and of a bloody flux: to whom Paul entered in, and prayed, and laid his hands on him, and healed him.

9 Agus ar na dhéunamh so, tangadar, an mhéid do bhí easlán sa noiléun chuige, agus do shlánaigheadh íad:

9 So when this was done, others also, which had diseases in the island, came, and were healed:

10 Noch mar an gcéudna tug dhúinn onóir mhór; agus ar ndealadh dhúinn ríu, do chuireadar linn na neithe do bhí na riachdanus *orainn*.

10 Who also honoured us with many honours; and when we departed, they laded *us* with such things as were necessary.

11 Agus a gcionn thrí mhíos na dhiáigh sin do sheólamar a luing *do longaibh* Alecsándria, do bhí ag caitheamh an ghéimhridh sa noiléun, agus a sé fá comhartha dhi Castor agus Pollux.

11 And after three months we departed in a ship of Alexandria, which had wintered in the isle, whose sign was Castor and Pollux.

12 Agus ar dteachd dúinn go Siracúsa, dfanamar ann trí lá.

12 And landing at Syracuse, we tarried *there* three days.

13 Agus ar seóladh dhúinn timcheall as sin, tangamar go Rhégium: agus a gcionn laé na dhiáigh sin do shéid an gháoth a ndeas, agus tangamar lá ar na mhárach go Puteóli:

13 And from thence we fetched a compass, and came to Rhegium: and after one day the south wind blew, and we came the next day to Puteoli:

14 Mar a bhfúaramar dearbhraithreacha, agus do chuireadar impidhe oruinn fanmhuin na bhfochair feadh seachdmhuine: agus már sin do thríallamar romhuinn don Róimh.

14 Where we found brethren, and were desired to tarry with them seven days: and so we went toward Rome.

15 Agus as sin ar bhfagháil ar sgéul do na braithribh, tangadar do theagmháil dúinn go margadh Appius, agus gus na trí táibheirnibh: agus ar na bhfaicsin do Phól, rug sé buidheachus ré Día, agus do ghabh sé meisneach chuige.

15 And from thence, when the brethren heard of us, they came to meet us as far as Appii forum, and The three taverns: whom when Paul saw, he thanked God, and took courage.

16 Agus ar dteachd dúinn don Róimh, tug an caiptín na braighde dáirdghinerál na slógh: achd tugadh cead do Phól bheith ris féin a bhfarradh shaighdiúir do choimhéudfadh é.

16 And when we came to Rome, the centurion delivered the prisoners to the captain of the guard: but Paul was suffered to dwell by himself with a soldier that kept him.

17 Agus tárla, a gcionn thrí lá na dhiáigh sin, gur ghoir Pól úaisle na Niúdaigheadh a gceann a chéile: agus ar gcruinniughadh dhóibh, a dubhairt sé ríu. A fheara *agus* a bhraithreacha, bíodh nách dearna misi éinní a naghaidh an phobail, ná ghnáthnaighe na sinnsear, gidheadh tugadh mé ceangailte ó Ierusalém a lámhaibh na Rómhanach.

17 And it came to pass, that after three days Paul called the chief of the Jews together: and when they were come together, he said unto them, Men *and* brethren, though I have committed nothing against the people, or customs of our fathers, yet was I delivered prisoner from Jerusalem into the hands of the Romans.

18 Noch lér mían tar éis mo theasdaighe, mo léigean fá sgáoil, do bhrígh nach raibh coir ar bith bháis orum.

18 Who, when they had examined me, would have let *me* go, because there was no cause of death in me.

19 Achd ar labhairt go contrárdha do na Iúdaighibh, do béigean damh dul fá chomairce Shéasair; ní hé go bhfuil adhbhar ar bith agam fá a neileóchainn mo chineadh.
20 Uime sin is fá a nadhbharsa do chuir mé fios oraibhse, chum *bhar* bhfaicsiona, agus labhartha ribh: oír is ar son mhuiníghine Israél atáim ceangailte sa slabhradhsa.
21 Agus a dubhradarsan ris, Níor ghlacamairne fíu na leitre ó thír Iúdaighe ad thimcheall, agus ní tháinic fós neach ar bith do na dearbhraithribh dfoillsiughadh ná dinnisin uile ar bith ort.
22 Achd budh mían rinn a chlos uáit na neithe bhreathnuigheas tú: oír do tháobh a nuirsde, is aithnigh dhúinn do dticthear na aghaidh sa nuile áit.
23 Agus ar ndéunamh láe ris dóibh, tangadar mórán chuige dhá lóisdín; noch dhar fhoillsigh sé rioghachd Dé, maille ré fíadhnuise do dheunamh, dhá dtarraing ré na theagusg chum na *neitheadh* do bhean ré Híosa, as reachd Mháoisi, agus ann sna fáidhibh, ó mhaidin go hoidhche.
24 Agus do aontuigheadar cuid díobh do na neíthibh a dubhairt sé, agus cuid eile nar aontaigh.
25 Agus ar mbeith dhóibh contrárdha dhá chéile, do sgáoileadar as sin, ar rádh na héinbhréithresi do Phól, Is maith do labhair an Spiorad Náomh tré san bhfáidh Esaías ré ar naithreachaibhne,
26 Ag rádh, Imthigh romhad chum an phobailse, agus abair, Cluinfidh sibh ré bhur gclúasaibh, agus ní thuigfidhe; agus do chifidh ré bhur súilibh, agus ní budh leir dháoibh:
27 Oír atá cróidhe an phobailse ar na ramhrughadh, agus do bhádar a gclúasa bodhar chum éisdeachda, agus do cháochadar a súile; deagla go bhfaicfedís ré *na* súilibh, agus go gcluinfedís ré *na* gclúasaibh, agus go dtuigfedis ré *na* gcroidhthibh, agus go bhfillfedís, agus go slaineochainnse íad.
28 Uime sin bíodh a fhios agaibhse, go bhfuil an slánúghadhsa Dé ar na chur chum na Gcineadhach, agus *go* gcluinfid síadsan *é*.
29 Agus ar rádh na neitheannsa dhó, do imthigheadar na Iúdaighe amach, agus do bhí iomad diosbóireachda aca eatorra féin.
30 Agus do chomhnuigh Pól dhá bhlíadhain go hiomlán a dtigh do réidhigh sé dhó féin, agus do ghabhadh ris na huile dháoine do thigeadh a steach chuige,
31 Ag seanmórughadh rioghachda De, agus ag teagusg na neitheann bheanus ris an

19 But when the Jews spake against *it*, I was constrained to appeal unto Cæsar; not that I had ought to accuse my nation of.
20 For this cause therefore have I called for you, to see *you*, and to speak with *you*: because that for the hope of Israel I am bound with this chain.
21 And they said unto him, We neither received letters out of Judæa concerning thee, neither any of the brethren that came shewed or spake any harm of thee.
22 But we desire to hear of thee what thou thinkest: for as concerning this sect, we know that every where it is spoken against.
23 And when they had appointed him a day, there came many to him into *his* lodging; to whom he expounded and testified the kingdom of God, persuading them concerning Jesus, both out of the law of Moses, and *out of* the prophets, from morning till evening.
24 And some believed the things which were spoken, and some believed not.
25 And when they agreed not among themselves, they departed, after that Paul had spoken one word, Well spake the Holy Ghost by Esaias the prophet unto our fathers,
26 Saying, Go unto this people, and say, Hearing ye shall hear, and shall not understand; and seeing ye shall see, and not perceive:
27 For the heart of this people is waxed gross, and their ears are dull of hearing, and their eyes have they closed; lest they should see with *their* eyes, and hear with *their* ears, and understand with *their* heart, and should be converted, and I should heal them.
28 Be it known therefore unto you, that the salvation of God is sent unto the Gentiles, and *that* they will hear it.
29 And when he had said these words, the Jews departed, and had great reasoning among themselves.
30 And Paul dwelt two whole years in his own hired house, and received all that came in unto him,
31 Preaching the kingdom of God, and teaching those things which concern the Lord

Dtighearna Iósa Críosd, maille ré gach uile chumus labhartha, gan toirmeasg.

Jesus Christ, with all confidence, no man forbidding him.